

Peirspictíochtaí ar ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (Comhleabhar) i gcomhthéacs Gaeilge na hArdteiste

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

An Dr. Karen Ní Chlochasaigh

Coláiste Mhuire gan Smál

Márta 2025

Giorrúcháin agus Sainmhínithe

CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
FCTE	An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú
FCÁT	Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga
PTE	Punann na dTeangacha Eorpacha
TEG	Teastas Eorpach na Gaeilge
FCÁT	Tagraíonn Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) do réimsí curaclaim/ábhair nó codanna d'ábhair a mhúineadh trí theanga eile. Díritear ar dhá aidhm leis na ceachtanna seo, is iad sin foghlaim an ábhair agus foghlaim chomhuaineach na sprioctheanga, mar shampla, Ealaín a mhúineadh trí Ghaeilge. (Ó Churaclam an bhunteanga)
Idirghabháil	Agus scileanna agus straitéisí idirghabhála á n-úsáid, gníomhaíonn an t-úsáideoir/foghlaimeoir mar ghníomhaire sóisialta a chruthaíonn droichid agus a chabhraíonn le brí a chruthú nó a chur in iúl, uaireanta laistigh den teanga chéanna, uaireanta ó theanga amháin go teanga eile (idirghabháil tras-teangach). Díritear ar ról na teanga i bpróisis cosúil le cruthú spáis agus coinníollacha cumarsáide agus/nó foghlama; comhoibriú chun brí nua a thógáil; daoine eile a spreagadh chun brí nua a thógáil nó a thuiscint; agus faisnéis nua a chur ar aghaidh i bhfoirm chuí. D'fhéadfadh comhthéacs sóisialta, oideolaíoch, cultúrtha, teanga nó gairmiúil a bheith i gceist.
Ilteangachas	Is éard is ilteangachas ann stór dinimiciúil agus forásach teanga an úsáideora/foghlaimeora aonair ina mbaineann siad leas as a nacmhainní agus a n-eispéiris teanga agus chultúrtha ar fad chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachais.
Cur chuige Gníomh-bhunaithe	Féachann an cur chuige seo ar fhoghlaimeoirí mar ghníomhairí sóisialta agus mar rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama féin. Tugann sé le tuiscint go n-úsáideann foghlaimeoirí an sprioctheanga agus iad ag gabháil do thascanna comhoibríocha a bhfuil cuspóir leo. ¹

¹ Tá na sainmhínithe ag teacht le Curaclam Teangacha na Bunscoile (CNCM, 2019), Dréacht-sonraíocht NuaTheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (CNCM, 2024) agus Dréacht-Sonraíocht Araibis na hArdteistiméireachta (CNCM, le tabhairt isteach Meán Fómhair 2025).

Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ	3
CÚLRA AGUS COMHTHÉACS	3
ATHFHORBAIRT CHURACLAM NA HÁRDTEISTIMÉIREACHTA	3
PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN AN CNCM: SONRAÍOCHT GHAEILGE NA HÁRDTEISTIMÉIREACHTA	4
MÍSHÁSAMH LEIS AN GCÓRAS REATHA	5
NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE: AN GÁ LE FÍS CHOMHROINNTE.....	5
AN FRÁMA TAGARTHA COMÓNTA EORPACH: FOGHLAIM, TEAGASC, MEASÚNÚ	6
MODHEOLAÍOCHT.....	7
PEIRSPICTÍOCHTAÍ AR AILÍNIÚ LEIS AN FTCE (COMHLEABHAR) I GCOMHTHÉACS GHAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA: DEISEANNA AGUS DÚSHLÁIN	8
DEIS 1: TRÉDHEARCACHT, SOLÚBTHACHT AGUS LEANÚNACHAS SA CHÓRAS OIDEACHAIS A SPREAGADH	8
DEIS 2: GLUAISEACHT I BPEIRSPICTÍOCHTAÍ OIDEOLAÍOCHA.....	9
DEIS 3: AN TÍLTEANGACHAS SAN FTCE	10
DEIS 4: PRÓIFÍLÍ FOGHLAIMEOIRÍ AGUS COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA ÉAGSÚLA A AITHINT AGUS MEAS A LÉIRIÚ ORTHU	11
DEIS 5: NA 4 MHODH CUMARSÁIDE A FHORBAIRT.....	13
DEIS 6: COMHTHÁTHÚ LE POLASAITHE	13
DEIS 7: COMHTHÁTHÚ LEIS AN BHFOGHLAIM ÁBHAR	14
DEIS 8: INNIÚLACHT TEANGA SA GHAEILGE A FHORBAIRT	15
DEIS 9: AN CUMAS TEANGA A MHAPÁIL TRÍ PHUNANN FHEIDHMIÚIL	15
DÚSHLÁN 1: BONN EOLAIS NA MÚINTEOIRÍ MAIDIR LEIS AN FTCE A CHUR I BHFEIDHM	16
DÚSHLÁN 2: ÉABHLÚ MODHEOLAÍOCHTA AGUS CUR CHUIGÍ TEAGAISC	17
DÚSHLÁN 3: AN TÍLTEANGACHAS A CHUR CHUN CINN AGUS FTCE A CHUR IN OIRIÚINT DO CHOMHTHÉACSANNA SOCHTHEANGEOLAÍOCHA UATHÚLA NA GAEILGE	17
DÚSHLÁN 4: RÓL NA HIDIRGHABHÁLA AGUS AN TRASTEANGAITHE IN OIDEACHAS TEANGA	18
DÚSHLÁN 5: COMHTHÁTHÚ LE POLASAITHE	19
DÚSHLÁN 6: COMHTHÁTHÚ LEIS AN BHFOGHLAIM ÁBHAR	19
DÚSHLÁN 7: BÉIM AR MHEASÚNÚ.....	20
DÚSHLÁN 8: AN CUMAS TEANGA A FHORBAIRT AGUS A MHAPÁIL TRÍ PHUNANN FHEIDHMIÚIL	20
CONCLÚID	21
LEABHARLIOSTA	21
AGUISÍNÍ	28
AGUISÍN A	28
PRÍOMHCHUSPÓIRÍ ATHCHÓIRIÚ NA SRAITHE SINSEARAÍ	28
AGUISÍN B	30
CUR CHUIGE CUMARSÁIDEACH AGUS CUR CHUIGE DÍRITHE AR GHNÍOMHAÍOCHT: PRÍOMHDHIFRÍOCHTAÍ ACHOIMRITHE	30
AGUISÍN C	32
PRÍOMHDHEISEANNA AGUS A N-IMPLEACHTAÍ DON OIDEACHAS I GCOMHTHÉACS NA HÉIREANN AGUS PRÍOMHDHÚSHLÁIN THAR ILIOMAD GNÉITHE	32

Réamhrá

Cuireadh comhairliúchán poiblí ar dhreacht-sonraíochtaí T1 agus T2 do Ghaeilge na hArdteiste ar bun in 2021. Rinne an CNCM iniúchadh ar aiseolas an chomhairliúcháin agus bheartaigh siad go ndéanfaí taighde ar fhrámaí a chuireann sonraí eolais ar fáil d'fhorbairt curaclaim do theangacha, amhail An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, Comhleabhar (Comhairle na hEorpa) (2020). Tá 3 pháipéar sa tsraith seo a bhfuil sé mar aidhm leo freagairt d'iarraidh an CNCM, sonraí eolas a chur ar fáil do chéad chéimeanna eile na hoibre agus plé ag leibhéal na Comhairle i gcomhthéacs sonraíochtaí Ghaeilge na hArdteiste a fhorbairt.

Deir North (2014) "*the CEFR is almost impossible to be ignored.*" Ag cur leis an dearbhú sin déanann an páipéar seo iniúchadh ar ról FTCE in athfhorbairt na Gaeilge ar leibhéal na Sraithe Sinsearaí. Díríonn an páipéar seo ar an gceist taighde 'Cad iad na peirspictíochtaí ar na deiseanna, na féidearthachtaí agus na dúshláin a bhaineann le Comhleabhar FTCE a úsáid i gcomhthéacs athfhorbairt churaclam na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste'? D'aontaigh an túdar agus CNCM an cur chuige i leith an plépháipéir sular cuireadh tús leis an togra chun a chinntiú go raibh sé ag teacht le cuspóirí an pháipéir. Leagtar béim sa pháipéar ar na trí phríomhréimse seo a leanas:

- An próiseas forbartha curaclaim de réir athfhorbairt na hArdteiste;
- Dearadh curaclaim;
- Teagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge mar chuid d'athfhorbairt na hArdteiste, le béim ar leith ar bhuntáistí agus ar dhúshláin fhéideartha.

Rinneadh iniúchadh ar dhoiciméid agus ar fhoilseacháin a bhaineann le comhairliúcháin ar shonraíochtaí T1 agus T2 i gcomhthéacs athfhorbairt churaclam na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste, curaclaim agus polasaithe a bhaineann leis an nGaeilge, doiciméid ábhartha Chomhairle na hEorpa a bhaineann leis an FTCE agus taighde atá déanta ar churaclam a ailíniú leis an FTCE i scríobh an pháipéir.

Cúlra agus Comhthéacs

Athfhorbairt Churaclam na hArdteistiméireachta

Is gné lárnach d'athfhorbairt churaclam na hArdteistiméireachta í athfhorbairt Shonraíocht Churaclam Gaeilge na hArdteistiméireachta. Tá aidhm an chlaochlaithe ag an athfhorbairt atá ar bun go gcuirfí athruithe i bhfeidhm ó chur chuige scrúdú-lárnach go cur chuige iomlánaíoch a chuireann an dalta ar bhealaí foghlama éagsúla. Cuirtear béim sa chur chuige seo ar eispéiris foghlama indibhidiúla agus scileanna ar nós smaointeoireacht chriticiúil (CNCM, 2022). Anuas air sin, cuireann Foirm Theicniúil na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhar agus modúl i Sraith Shinsearach athfhorbartha (CNCM, 2023), a dhéanann imscrúdú ar struchtúir agus ar dhearadh sonraíochtaí curaclaim na hArdteiste in Éirinn, tacaíocht ar fáil do chur chuige níos comhtháite sa churaclam a chuimsíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta. Cuirtear béim ar eochairghnéithe atá ábhartha don pháipéar seo i dteimpléad athbhreithnithe do shonraíochtaí curaclaim, mar shampla:

- Forbairt croí-inniúlachtaí atá ag teacht in áit croiscileanna agus atá le bheith comhtháite sa teimpléad do shonraíochtaí ábhair agus modúil d'fhonn cosáin

foghlaime níos láidre a leagan síos. Cuimsítear in inniúlachtaí, scileanna cognaíocha, scileanna idirphearsanta agus neamhspleáchas an fhoghlaimeora ina ndéantar daltaí a chumasú chun páirt bhríoch a ghlacadh sa tsochaí lasmuigh den churaclam.

- Measúnú níos leithne a sháraíonn an bhéim ar scrúduithe chun raon foghlama níos leithne a chur chun cinn. Tá cur chuige measúnaithe ilmhódach san áireamh anseo atá ag freagairt d'fheidhmeanna agus réasúnaíocht na sonraíochtaí athfhorbartha.
- Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis in éineacht le tuairiscíní cáilíochta a dhéanann cur síos ar leibhéil gnóthachtála arda, mheánacha agus ísle.

Tá liosta de phríomhchuspóirí athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ar fáil in Aguisín A.

Baineann dúshlán ar leith leis an bpróiseas athfhorbartha, áfach. Cuir i gcás, athruithe sa tSraith Shinsearach a ailíniú le hathfhorbairt na Sraithe Sóisearaí agus sa bhreiseoidéachas chun dul chun cinn a chinntiú thar an gcontanaim oideachais trasearnálach. Anuas ar sin, baineann dúshlán mór le forbairt ghairmiúil an mhúinteora, mar beidh gá le tacaíocht agus oiliúint chuimsitheach chun na forbairtí sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Is saindúshlán casta í athfhorbairt Shonraíocht Churaclam Gaeilge na hArdteistiméireachta, atá curtha ar sos chun tuilleadh plé, taighde agus comhairliúcháin a dhéanamh chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais éagsúla gach dalta.

Próiseas Comhairliúcháin an CNCM: Sonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta

In 2018, chuir an CNCM tús le hathfhorbairt ar Shonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta ina raibh sonraíocht ar leith do chainteoirí T1 agus d'fhoghlaimeoirí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus sonraíocht eile d'fhoghlaimeoirí T2 i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla². Bhí an múnla molta seo ailínithe le polasaithe stáit i leith na Gaeilge (Stratéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030) agus polasaithe oideachais (An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022). Faomhadh dréachtsonraíochtaí nua do Ghaeilge na hArdteiste le haghaidh cainteoirí T1 agus T2 araon, do chomhairliúchán poiblí roimh dheireadh 2020 agus seoladh próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i mí Feabhra 2021, a mhair go dtí mí na Samhna 2021 (CNCM, 2023). Spreagadh díospóireacht agus aiseolas forleathan le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Leis an anailís ar shonraí a bailíodh ó shuirbhéanna agus ó aiseolas scríofa (Mac Gearailt et al. 2023) agus ó uirlisí breise mar chuid den chomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta, ar nós agallaimh aonair, grúpaí fócais agus cruinnithe déthaobhacha (CNCM, 2023), aithníodh inní, dúshlán agus castachtaí

athfhillteacha. Mar sin féin, tá léargais luachmhara leabaithe san aiseolas a chuireann treoir ar fáil don todhchaí ar mhúnla Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

² T1 is ea meán teangeolaíoch na scoile (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge). T2 is ea an dara teanga (Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge) (Gaeilge na Sraithe Sóisearaí)

Míshásamh leis an gcóras reatha

Tá páirtithe leasmhara ar aon ghuth go bhfuil an siollabas reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta easnamhach agus go bhfuil géarghá le leasú oideachais ina leith (CNCM, 2023; Mac Gearailt et al., 2023; Ó Laoire, 2018). Tá peirspictíochtaí ar fáil nach bhfuiltear ag freastal go héifeachtach ar riachtanais na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nó i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. An iomarca béime ar an bhfoghlaim de ghlan mheabhair agus ar an litríocht agus easpa béime ar fhorbairt scileanna cumarsáide ach go háirithe an Ghaeilge labhartha, is cúis leis an mí-éifeacht curaclaim.

Cé nach bhfuil aon easaontú ann i measc páirtithe leasmhara go bhfuil géarghá le múnla nua do Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus go bhfuil éileamh le fada ar churacclam a dhéanann difreálú d'úsáideoirí T1/T2 (Little, 2003), léirigh na comhairliúcháin míshásamh leis an múnla molta go mbeadh sonraíocht amháin do chainteoirí dúchais nó foghlaimoirí i scoileanna T1 agus sonraíocht eile d'fhoghlaimoirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Léiríodh inné ach go háirithe maidir le meath na Gaeilge sa Ghaeltacht muna dtabharfaí spreagadh láidir do dhaltaí tabhairt faoi shonraíocht T1.

Sonraíodh san aiseolas freisin an easpa soiléireachta a shamhlaítear leis na dréachtsonraíochtaí a bhaineann le torthaí foghlama, modhanna measúnaithe, roghnú téacsanna litearthachta, gnéithe a chur le heaspa muiníne na bpáirtithe leasmhara sna hathruithe molta. Pléadh an easpa ailínithe sna dréachtsonraíochtaí le hathruithe a bhí ag tarlú sa tSraith Shóisearach, sa tSraith Shinsearach go forleathan agus le polasaithe an stáit i leith na Gaeilge.

Téama a léiríodh go láidir sa chomhairliúchán ná na féidearthachtaí a bhainfeadh le sonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) (Comhairle na hEorpa, 2020). Creideann páirtithe leasmhara go láidir go bhféadfadh an ailíniú seo cur le tuiscintí maidir le cad atá ag teastáil ag leibhéal cumais an FTCE (A1-C2), chomh maith le foghlaimoirí teanga a chumasú agus forbairt teanga agus trédhearcacht a fheabhsú ar fud an chórais oideachais. Léiríodh inné áfach maidir le fráma atá deartha d'fhoghlaim teangacha iasachta a chur i bhfeidhm do chainteoirí dúchasacha agus go mbeadh gá leis an bhfráma a chur in oiriúint do chomhthéacs na Gaeilge.

Na Chéad Chéimeanna eile: An Gá le Fís Chomhroinnte

Cuireann an páipéar seo roimhe iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht sonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE (Comhairle na hEorpa, 2020) trí scrúdú a dhéanamh ar pheirspictíochtaí éagsúla ar na himpleachtaí féideartha do mhúinteoirí i ndáil le teagasc, foghlaim agus measúnú don Ghaeilge mar chuid d'athfhorbairt na hArdteiste agus trí lionsa níos leithne a bhaineann le próiseas forbartha curaclaim de réir athfhorbairt na hArdteiste.

Aithníonn an CNCM na castachtaí a bhaineann le haiseolas an chomhairliúcháin agus an gá le tuilleadh taighde, plé agus rannpháirtíocht chun fis chomhroinnte a chruthú a chuireann dúshlán agus mianta na bpáirtithe leasmhara san áireamh. Déanfar a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais gach foghlaimora san athfhorbairt curaclaim a bheidh ailínithe le hinniúlachtaí na hArdteistiméireachta athfhorbartha go forleathan (CNCM, 2022).

An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: foghlaim, teagasc, measúnú

Is fráma tuairisciúil é an FTCE a dhéanann cur síos ar chumais teanga thar réimse inniúlachtaí ó leibhéal A1 (bunúsáideoir) go dtí C2 (úsáideoir oilte). Chruthaigh Comhairle na hEorpa é agus foilsíodh é sa bhliain 2001 leis an aidhm go gcuirfí an t-ilteangachas agus oideachas teangacha den scoth chun cinn (Comhairle na hEorpa, 2020).

The Common European Framework provides a common basis for the elaboration of language syllabuses, curriculum guidelines, examinations, textbooks, etc. Across Europe. It describes in a comprehensive way what language learners have to learn to do in order to use a language for communication and what knowledge and skills they have to develop so as to be able to act effectively. The description also covers the cultural context in which language is set. The Framework also defines levels of proficiency which allow learners' progress to be measured at each stage of learning and on a life-long basis (Council of Europe, 2001:1).

De réir a chéile, rinneadh mórfhorbairtí ar an bhfráma agus glactar leis anois mar uirlis chumhachtach in oideachas teangacha ar fud an domhain maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú teangacha.

In ainneoin go bhfuil measúnú san fhotheideal – FTCE: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú, níl an FTCE **bunaithe** go príomhúil ar mheasúnú. An phríomhaidhm ná chun ilteangachas a chur chun cinn agus cáilíocht an oideachais teangacha a fhorbairt. Tá coincheapa lárnacha ag baint leis an FTCE a chuimsíonn cur chuige gníomh-bhunaithe, gníomhaíochtaí foghlama teanga cumarsáideacha atá nasctha le fíorchúraimí, agus ilteangachas agus idirghabháil a chur chun cinn.

In 2020, d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa Comhleabhar FTCE chun leagan uasdátaithe agus inrochtana a chur ar fáil. Na forbairtí atá le sonrú sa Chomhleabhar ná go bhfuil na sainmhínte ar choincheapa lárnacha FTCE curtha i dtéarmaí níos simplí agus tá tuairiscíní nua ann a chuireann in iúl cad ba cheart a bheith ar chumas an fhoghlaimeora a dhéanamh ag gach leibhéal inniúlachta.

Cuirtear tuairiscíní nua i láthair sa Chomhleabhar chomh maith a chuimsíonn:

- **Idirghníomhú ar líne:** A aithníonn an tábhacht a bhaineann le cumarsáid dhigiteach.
- **Idirghabháil:** Cad is idirghabháil ann agus conas é a chur i bhfeidhm sa cheacht teanga.
- **Ilteangachas agus Cumas Ilchultúrtha:** A chuireann cur chuige ionchuimsitheach chun tosaigh san oideachas teanga.
- **Cumas fóineolaíoch:** A chuireann scála nua ar fáil a dhíríonn ar fhuaimniú.

Chomh maith leis sin, treisíonn an Comhleabhar an cur chuige gníomh-bhunaithe a aithníonn an foghlaimeoir teanga mar ghníomhaí sóisialta a ghlacann páirt i gcumarsáid bhríoch. Moltar sa chur chuige seo bogadh ó shiollabais atá bunaithe ar fhoghlaim na gramadaí i dtreo siollabais atá bunaithe ar fhíorthascanna agus anailísí ar riachtanais chumarsáide

foghlaimeoirí. I bhfocail eile, an teanga atá de dhíth chun feidhmiú, cumarsáid fheidhmeach a dhéanamh agus sainriachtanais a chomhlíonadh sa teanga.

Aithnítear sa litríocht na dúshláin a bhaineann leis an FTCE a chur i bhfeidhm go héifeachtach, lena n-áirítear feasacht an mhúinteora a fheabhsú, an fráma a chur in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla agus an iomarca béime ar mheasúnú mar ghné lárnach (Abbate, E., 2022; North et al. 2022; Uri et al. 2018).

Ar an iomlán, aithnítear gur uirlis chumhachtach í an FTCE chun oideachas teangacha a chur chun cinn agus tuiscint idirchultúrtha a fhorbairt (Alderson, 2007; Schneider, 2020). Cuirtear cur chuige foghlaimeoir-lárnach chun tosaigh ina gcuirtear deiseanna ar fáil chun imeacht ó mhodhanna traidisiúnta i dtreo cur chuige comhtháite a aithníonn an gaol idir scileanna teanga éagsúla (Comhairle na hEorpa, 2020). Má táthar ag súil leis an bhfráma a bheith éifeachtach áfach, ní mór a aithint go bhfuil sé i gceist an FTCE a chur in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla ar cheart a chur san áireamh le linn a chur i bhfeidhm.

Modheolaíocht

Chun an cheist taighde a phlé agus a fhreagairt, ‘cad iad na peirspictíochtaí éagsúla maidir le deiseanna/buntáistí agus dúshláin a bhaineann leis an FTCE (Comhleabhar) a úsáid i gcomhthéacs Ghaeilge na hArdteiste. Aithníodh doiciméid le cuardach córasach agus rinneadh anailís orthu chun sonraí ar pheirspictíochtaí a chur ar fáil.

Rinneadh acmhainní a chuardach agus a roghnú a bhain le:

- Próiseas forbartha an churaclaim de réir athfhorbairt na hArdteiste
- Sonraíochtaí T1 agus T2 Ghaeilge na hArdteiste mar chuid d’athfhorbairt agus comhairliúchán
- Doiciméadacht FTCE
- An FTCE agus é a chur in oiriúint don churaclam agus do mhionteangacha.

Rinneadh scagadh córasach ar an litríocht ag roghnú acmhainní a bhí ábhartha don phlépháipéar toisc na critéir roghnúcháin thuas a chinntigh go gcuirfí peirspictíochtaí éagsúla san áireamh san anailísiú agus sa phlé dá réir.

Nuair a bhí na foinsí aitheanta, rinneadh anailísiú orthu ag baint úsáid as múnla anailíse 6 chéim Braun & Clarke (2016) óna bhfuarthas téamaí a bhain leis an deiseanna agus na dúshláin a bhí i gceist le peirspictíochtaí éagsúla.

Is ar na téamaí sin a bheidh an chéad chuid eile den pháipéar seo bunaithe agus struchtúrtha chun léargas iomlánaíoch agus oibiachtúil a sholáthar ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le Gaeilge na hArdteiste a ailíniú leis an FTCE (Comhleabhar).

Peirspictíochtaí ar ailíniú leis an FTCE (Comhleabhar) i gcomhthéacs Ghaeilge na hArdteistiméireachta: Deiseanna agus Dúshláin

Rinneadh na dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 thuas do Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus an FTCE (Comhleabhar) a phlé cheana sa pháipéar seo mar nithe ar leithligh. Sa chuid seo den phlépháipéar déanfar iniúchadh ar an dá fheiniméan i gcomhthéacs a chéile chun aird a tharraingt ar na peirspictíochtaí a bhaineann le Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE. D'áitigh go leor rannpháirtithe comhairliúcháin (CNCM, 2023) gur cheart Sonraíocht Ghaeilge na hArdteiste a ailíniú leis an FTCE agus déanfar iniúchadh criticiúil sa pháipéar seo ar an bhféidearthacht den chur chuige sin. Léireofar tríd na deiseanna agus dúshláin aitheanta gur cur chuige casta atá san ailíniú molta ina bhfuil peirspictíochtaí saibhre ar fáil maidir le hoiriúnacht agus cur i bhfeidhm an fhráma go héifeachtach i gcomhthéacs uathúil na Gaeilge.

Sonraítear san anailís ar na deiseanna agus féidearthachtaí a bhainfeadh le Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE (Comhleabhar) na bealaí a chuirfí feabhas ar cháilíocht an tsoláthair i gcomhréir le príomhinniúlachtaí athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí agus ar eispéiris an fhoghlaimeora teanga dá bharr. Tuairiscítear chomh maith buairt agus inní faoi oiriúnacht an fhráma don Ghaeilge go háirithe maidir leis na ceistanna sochtheangeolaíocha casta atá i gceist agus tabharfar aghaidh orthu sin chomh maith.

Deis 1: Trédhearcacht, Solúbthacht agus Leanúnachas sa Chóras Oideachais a Spreagadh

Is scéim thuairisciúil í an FTCE atá aitheanta go domhanda mar fhráma chun leibhéil inniúlachta teanga a thuairisciú agus a ailíniú. Ceann de na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis ná dul chun cinn i bhfoghlaim teanga a thomhas, ag cinntiú go gcuirtear leibhéil i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus iomlánaíoch ar fud chontanam an oideachais - ón réamhscoil go dtí an t-oideachas tríú leibhéal.

One of the main principles of the CEFR is the promotion of the positive formulation of educational aims and outcomes at all levels. Its “can do” definition of aspects of proficiency provides a clear, shared roadmap for learning, and a far more nuanced instrument to gauge progress than an exclusive focus on scores in tests and examinations. This principle is based on the CEFR view of language as a vehicle for opportunity and success in social, educational and professional domains (Council of Europe, 2020: 27).

Nochtadh sa chomhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta go luífeadh sé le réasún dá mbeadh leanúnachas idir an tSraith Shóisearach, atá ailínithe leis an FTCE³, agus an tSraith Shinsearach (CNCM, 2023). Ciallaíonn na leibhéil trédhearcachta seo go bhféadfaí tuiscint chomhroinnte ar chuspóirí foghlama agus ar chosáin forbartha a chruthú idir páirtithe leasmhara na foghlama teanga

³ Tá an tSraith Sóisearach Gaeilge T1 ailínithe go leathan le FTCE leibhéal B2. Tá an tSraith Sóisearach Gaeilge T2 ailínithe go leathan le FTCE leibhéal A2/B1.

(múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí, lucht déanta polasaí). Sé sin go mbeadh an tuiscint chéanna eatarthu maidir le cad ba cheart a bheith ar chumas an fhoghlaimeora a dhéanamh ag gach leibhéal inniúlachta agus conas gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh tríd an bhfráma.

Maidir le Sonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta, d'fhéadfadh tuairiscíní trédhearcacha ionchais a shoiléiriú do mhúinteoirí agus do dhaltai agus measúnaithe a stiúradh go caighdeánach agus go leanúnach. Le linn comhairliúchán poiblí ar dhreachtsonraíochtaí T1 agus T2 na hArdteiste, rinneadh cáineadh ar na dréachtchuspóirí foghlama do Ghaeilge na hArdteistiméireachta reatha a mheastar a bheith róleathan agus doiléir (CNCM, 2023). D'fhéadfadh an FTCE lena tuairiscíní agus '*can-do descriptors*' dul i ngleic leis an deacracht seo trí chur síos cruinn a chur ar fáil maidir le cad ba cheart don fhoghlaimeoir a bhaint amach ag gach leibhéal den fhráma. Cuirtear solúbthacht ar fáil sa fhráma agus sna tuairiscíní fairsinge maidir le dearadh curaclaim agus measúnaithe ar féidir iad a dhearadh de réir riachtanais, chumas agus chúlra na bhfoghlaimeoirí. Bheadh an prionsabal seo ag teacht go láidir le prionsabal na hArdteistiméireachta athfhorbartha chun cosáin foghlama éagsúla a chruthú agus ionchuimsitheacht oideachais a chur chun cinn (CNCM, 2022). Mar sin, trí Gaeilge na hArdteiste a ailíniú leis an FTCE, d'fhéadfaí freastal ar leibhéal éagsúla de chumais teanga laistigh den fhráma. Tá ailíniú láidir idir fócas an FTCE forbairt a mhapáil trí thaithí foghlama teanga seachas ar scóir scrúdaithe agus fócas na Sraithe Sinsearaí athfhorbartha modhanna measúnaithe níos leithne a dhearadh a sháraíonn scrúduithe.

Tugtar stádas don FTCE ag leibhéal ar bith toisc an t-aitheantas idirnáisiúnta agus an comhthuiscint go hidirnáisiúnta maidir le leibhéal an fhráma. Bheadh seo de bhuntáiste d'úsáideora teanga ag lorg deiseanna ardoideachais nó deiseanna oibre thar lear (BournotTrites, 2011; Schneider, 2020). Thabharfadh an cháilíocht FTCE fráma idirnáisiúnta d'úsáideoirí na Gaeilge ar an leibhéal ina bhfuil siad ag feidhmiú. D'fhéadfadh a leithéid an meas ar an teanga a mhéadú agus dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge a chothú.

Deis 2: Gluaiseacht i bPeirspictíochtaí Oideolaíocha

Tá sé curtha in iúl go bhfuil riachtanais chumarsáide foghlaimeoirí na Gaeilge, mar mhionteanga, éagsúil ó riachtanais foghlaimeoirí teangacha iasachta toisc go mbíonn a gcuid riachtanas srianta uaireanta do chomhthéacs an tseomra ranga nó na scoile (Little, 2003; Ó Laoire, 2005). Mar shampla, d'fhéadfadh scileanna praiticiúla ar nós béile a ordú i mbialann a bheith mí-ábhartha nó neamhdhílis d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge muna bhfuil na deiseanna sin ar fáil dóibh i bhfirinne. Tógann an cur chuige gníomhach, atá curtha chun cinn san FTCE, ar an gcur chuige cumarsáideach atá tar éis oideachas teangacha a mhúnlú ó na 1970idí (Hymes, 1971). Fad is atá béim sa chur chuige cumarsáideach ar theanga mar mheán cumarsáide, cuirtear béim sa chur chuige gníomhach ar an bhfoghlaimeoir mar 'ghníomhaí sóisialta' a bhaineann úsáid as an teanga go feidhmiúil i gcomhthéacsanna an tsaoil seo, a théann thar úsáid teanga d'fhonn cumarsáide amháin (Piccardo, 2014).

D'fhéadfadh tascanna gníomhbhunaithe tógáil ar chleachtais chumarsáideacha agus deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge comhoibriú ar thascanna idirghníomhacha. I

dtascanna gníomhacha mar seo, tagann foghlaimeoirí ar bhrí agus ar thuiscint le chéile. Cuir i gcás, sampla de thasc gníomhbhunaithe ná go bhféadfadh foghlaimeoirí an T2 a úsáid chun oidis a scríobh agus a roinnt lena chéile chomh maith le treoracha scríofa nó ó bhéal chun é a chócaireáil (Hunter & Ortiz, 2025), in áit tasc teanga traidisiúnta béile a ordú sa bhialann chun sprioc chumarsáide a léiriú. Is féidir leis an bhfoghlaim teanga ríomhchuidithe tacú le tascanna gníomhacha an tsaoil seo a chruthú, cuir i gcás, blaganna, vicíthe, podchraolta, físeanna (Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019).

Anuas ar sin, d'fhéadfadh an cur chuige gníomhach deiseanna bríocha a chur ar fáil maidir le foghlaim fheidhmeach na gramadaí, nuair atá an ghramadach comhtháite sa tasc chun sprioc an taise a bhaint amach go feidhmeach seachas an tasc a stiúradh. Sa chomhthéacs seo, is uirlis í an ghramadach a dhéanann an foghlaimeoir a chumasú an tasc a chur i gcrích, a d'fhéadfadh a bheith tairbheach d'fhoghlaim na Gaeilge nuair is minic a bhíonn an mhír ghramadaí mar fhócas an cheachta le heaspa béime ar an bhfeidhm a bhaineann leis an mír ghramadaí nó ar an bhfeasacht teanga (Ó Laoire, 2017).

Tá ailíniú orgánach ar fáil idir an FTCE, a chuireann béim ar ghníomhaíochtaí sóisialta agus ar thascanna dílse an tsaoil, agus an sprioc atá ag Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí go forleathan, a aithníonn an tábhacht gluaiseacht ón bhfoghlaim de ghlanmheabhar agus ó chur chuige scrúdaithe-bhunaithe go dtí eispéiris foghlama ní ba idirghníomhaí agus praiticiúla. Tá sé ríshoiléir sa phlé ar ghluaiseachtaí na Sraithe Sinsearaí go bhfuil athrú sa fócas de dhíth (CNCM, 2022, 2023). D'fhéadfadh le modhanna measúnaithe nuálacha, measúnuithe ilmhódacha san áireamh, a bheith cruthaithe tríd an ailíniú le cur chuigí gníomhacha i bhfoghlaim na Gaeilge. Léiríonn taighde ar mheasúnuithe ilmhódacha gur cheart litearthacht an mheasúnaithe a bheith mar chuid den teagasc, ach go háirithe nuair atá modhanna éagsúla mar rogha ag daltaí mar chuid de chur chuige foghlaimeoir-bhunaithe nó den dearadh uilíoch don fhoghlaim (O'Brien & Reale, 2021; Ní Chlochasaigh et al., 2023).

Mar thaca leis sin, tá ailíniú soiléir idir na deiseanna a chuireann an cur chuige gníomhach ar fáil san FTCE agus croí-inniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí athbhreithnithe, mar shampla, daltaí a chumasú páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí atá ag teacht go mór le cumas an fhoghlaimeora mar ghníomhartha sóisialta. Chuirfeadh an FTCE deis ar fáil foghlaimeoirí na Gaeilge a spreagadh a bheith cruthaitheach, béim a chur ar úsáid dhílis agus úsáid dhigiteach na teanga d'fhonn cumarsáid agus eispéiris foghlama dearfacha agus ábhartha a chruthú. Bheadh na heispéiris seo fréamhaithe go sonrach i riachtanais an fhoghlaimeora teanga amar a shonraítear le sprioc-leibhéil inniúlachta FTCE.

Deis 3: An Ilteangachas san FTCE

Tá coincheapa an ilteangachais agus an idirchultúrachais atá lárnach san FTCE thar a bheith ábhartha agus oiriúnach i dtéarmaí na saoránachta domhanda do gach saghas úsáideoir teanga, iad siúd ar chainteoirí dúchais iad san áireamh.

The plurilingual approach emphasises the fact that as an individual person's experience of language in its cultural contexts expands, from the language of the home to that of society at large and then to the languages of other peoples (whether learnt at school or college, or by direct experience), he or she does not keep these languages and cultures in strictly separated mental compartments, but rather builds up a communicative competence to which all

knowledge and experience of language contributes and in which languages interrelate and interact (Comhairle na hEorpa, 2020: 123).

Is féidir leis an FTCE an t-ilteangachas a chur chun cinn i gcomhthéacs na mionteanga, ina labhraítear mórtheanga domhanda agus ina bhfoghlaimítear teangacha iasachta ann chomh maith (Lotti, 2007), amhail chomhthéacs na hÉireann.

Feictear go bhfuil béim ar an ilteangachas ag teacht go mór chun cinn mar phrionsabal lárnach i gCuraclam Teanga molta na Bunscoile do Nuatheangacha Iasachta (2024) agus sa Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026, a aithníonn treoht na hEorpa ag dul i dtreo stór teangeolaíoch dinimiciúil agus idirghaol i bhfoghlaim teangacha mar chuid den stór sin a aithint (Westhoff, 2007; Lotti, 2007; Little, 2003). Tá forbairtí le sonrú atá ag imeacht ó theangacha éagsúla a fhoghlaim go dtí foghlaimoirí a chumasú chun úsáid a bhaint as teangacha agus eolas teangeolaíoch ar bhealaí comhtháite (North et al. 2022; Little 2003).

Aithníonn na dréachtsonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta an t-ilteangachas i mbealaí éagsúla, ach go háirithe mar a bhaineann sé le difreálú idir sonraíochtaí T1 agus T2. Léiríonn an próiseas comhairliúcháin áfach go bhfuil míshásamh maidir leis an gcaoi ina bhfuil an difreálú á mholadh ó thaobh dúshlán breise gan chúiteamh i siollabas T1, doiléireacht maidir le héigeantacht agus sonraíochtaí T1 agus T2 agus easpa acmhainní agus clár teanga easnamhach chun an siollabas a chur i bhfeidhm go héifeachtach (Gaeloideachas, 2021). Molann Gaeloideachas go mba cheart difreálú a chur i bhfeidhm sa siollabas don Ghaeilge a dhéanann freastal ar riachtanais gach foghlaimora (ibid), moladh a bheadh ag teacht le fealsúnacht FTCE agus prionsabail Chomhairle na hEorpa maidir le riachtanais foghlaimoirí éagsúla a aithint agus fíorfheastal a dhéanamh ar na riachtanais agus leibhéil chumais sin.

Deis 4: Próifílí Foghlaimoirí agus Comhthéacsanna Foghlama Éagsúla a Aithint agus Meas a Léiriú Orthu

Is fráma don fhoghlaim teanga é an FTCE (Comhleabhar) a thacaíonn le hionchuimsiú agus daonlathas agus a chuireann roimhe cosaint a dhéanamh ar theangacha dúchasacha, ar nós na Gaeilge.

For the Council of Europe, language education must be inclusive, plurilingual and intercultural. It must foster democracy. This means that language education must be accessible to all learners throughout their lives, not only in formal schooling, it must recognise and value each learner's individual linguistic and cultural identity, and it must draw on these identities as a rich resource for learning, enabling each learner to develop a fluid and integrated linguistic and cultural repertoire, appropriate to that learner's individual needs and context. It is a repertoire open to all languages: home languages, sign languages, the language of schooling, neighbouring languages, second and foreign languages (Comhairle na hEorpa, 2022:19).

Tá solúbthacht ar fáil i dtuairiscíní an FTCE (Comhleabhar) chun freastal a dhéanamh ar riachtanais agus ar thréithe foghlaimoirí T1, T2 agus TX (iad siúd nach bhfuil an Ghaeilge mar chéad ná dara teanga acu), a chuirfeadh roghanna ní ba leithne ar fáil d'fhoghlaimoirí na Gaeilge staidéar a dhéanamh ag an leibhéal a bheadh in oiriúint dá gcumas (Mac Gearailt et

al. 2023). I gcomhthéacs na hArdteistiméireachta, tá an tsolúbthacht seo ríthábhachtach chun freastal a dhéanamh ar chúilraí teangeolaíocha éagsúla mar aon le cosáin foghlama na bhfoghlaimoirí teanga, ag cinntiú go bhfuil an curaclam agus cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheach agus ag freagairt do riachtanais indibhidiúla. Má táthar chun foghlaimoirí a spreagadh i leith na Gaeilge, ní mór iad a chumasú agus a mheasúnú in úsáid na teanga ag an leibhéal ina bhfuil siad ag feidhmiú agus ag foghlaim (Ní Dhonnchadha et al. 2024; Ní Chlochasaigh, 2013). Cuireann Teastas Eorpach na Gaeilge scrúdaithe agus cáilíochtaí ar fáil d'fhoghlaimoirí fásta na Gaeilge, a ligeann dóibh a gcumas a dheimhniú thar scileanna teanga ag leibhéal éagsúla ó ghiantosaitheoirí go húsáideoirí teanga ar ardchumas. I gcóras mar seo, is féidir le foghlaimoirí Gaeilge a n-inniúlacht a léiriú agus dul faoi mheasúnú ar bhonn leanúnach agus trédhearcach (<https://www.teg.ie>).

Bheadh buntáiste i bhfealsúnacht Chomhairle na hEorpa, a chuireann béim ar na scileanna atá ar chumas an fhoghlaimora seachas ar bhearnaí cumais an fhoghlaimora, a d'fhéadfadh cur le hinspreagadh i gcás na Gaeilge. Is athróg aitheanta é an t-inspreagadh mar réamhtháscaire an ratha ó thaobh sealbhú teanga de (Dörnyei, 2009; Ní Dhonnchadha 2019; Ní Chlochasaigh 2020; Ushioda & Dörnyei, 2012; Ní Dhonnchadha et al. 2024; Barnes et al. 2024;), a chuireann in iúl dá mhéid tuisceana atá ag foghlaimoirí ar a gcuid láidreachtaí agus laigí sa teanga in éineacht le plean foghlama teanga, is ea is airde a bhíonn a gcuid inspreagtha agus inniúlachta sa teanga (Ní Chlochasaigh, 2013; Ní Dhonnchadha et al., 2024; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2024).

Leanann díospóireacht maidir le hoiriúnacht an mhúnla T1/T2 do Ghaeilge na hArdteiste agus ról an FTCE ina leith. Ceistítear curaclam do theanga dúchais a ailíniú le fráma a rinneadh a dhearadh do theangacha iasachta (CNCM, 2023) agus a bhfuil an-chuid den fhianaise ar a cuid éifeachtacha bunaithe ar theangacha iasachta (Comhairle na hEorpa, 2005; Martyniuk & Noijons, 2007). Ar an lámh eile, cuirtear peirspictíochtaí eile in iúl go meastar gur uirlis chumhachtach is oiriúnach í an FTCE a aithníonn próifílí teangeolaíocha éagsúla i suíomhanna T1/T2 (Mac Gearailt et al. 2023). Cé go n-úsáidtear an FTCE do mhúineadh an dara teanga de ghnáth, is fíor nár dearadh an fráma do mhúineadh na máthairtheanga (Lotti, 2007).

É sin ráite, tá fianaise áirithe ar fáil gur féidir an fráma a chur in oiriúint do gach úsáideoir teanga, cainteoirí dúchais san áireamh, agus go bhfuil limistéir áirithe mionteanga ann a bhaineann úsáid as an bhfráma in oideachas na máthairtheanga, ar nós, Friúilis, Freaslainnis agus Bascais (Lotti, 2007). In Éirinn, tá an FTCE curtha in oiriúint, faoi stiúradh na Roinne Oideachais agus i gcomhréir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, do chlár oideachais ar cainteoirí dúchais iad cuid de dhaonra na gelár úd (Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2024; Ní Dhonnchadha et al., 2024). Tá an córas scrúdaithe TEG in úsáid go forleathan mar shlat tomhais chun riachtanais iontrála agus cumas a thomhas do chlár oideachais a chuimsíonn cainteoirí T1 agus T2 (www.teg.ie). Tá sonraí áirithe ar fáil mar sin a thugann le fios go bhféadfaí an FTCE a chur in oiriúint do chainteoirí éagsúla, cainteoirí T1 san áireamh, ach tá an fhianaise sin teoranta go fóill. Tuigtear dúinn áfach gur múnla solúbtha é an FTCE gur féidir a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla i gcomhthéacsanna éagsúla agus go bhfuil féidearthachtaí ag baint leis sin.

Deis 5: Na 4 mhodh cumarsáide a fhorbairt

Tá forbairt san FTCE (Comhleabhar) ar na múnlaí traidisiúnta foghlama teanga a chuireann béim ar 4 scil teanga (labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh) atá sonraithe a bheith míéifeachtach chun fírinne chasta na cumarsáide a ghabháil i gceart (Comhairle na hEorpa, 2020). Déantar cáineadh nach luíonn na 4 scil traidisiúnta le feidhmeanna teanga a bhaint amach nó teanga a úsáid ag an macraileibhéal, sé sin fíor-úsáid na teanga sa saol (North et al., 2022). Meastar gur scaradh teibí ar an teanga atá sa mhúnla 4-scil, i gcomparáid le fíorchumarsáid a dhéanann comhtháthú ar scileanna agus ar mhodhanna (ibid). Tugann an FTCE aghaidh ar an gcáineadh sin le cur chuige atá fréamhaithe in idirghníomhú an duine leis an teanga agus comhthuiscint a chruthú. Mar sin, tá gníomhaíochtaí an FTCE deartha de réir 4 mhodh na cumarsáide; gabháil, táirgeadh, idirghníomhú agus idirghabháil. Forbraíonn foghlaimoírí scileanna (caint, éisteacht, léamh agus scríobh) tríd an teanga a úsáid thar na 4 mhodh cumarsáide.

Sa fhráma seo, cuimsítear léamh agus éisteacht mar scileanna i modh gabhála na cumarsáide, fad is go mbaineann labhairt agus scríobh le táirgeadh, rud a bheadh ar a toil ag múinteoirí teangacha cheana féin. Baineann na 4 scil teanga leis an idirghníomhú áfach, toisc go mbíonn siad ag idirghníomhú lena chéile ach is minic míthuiscintí a bheith ann gurb é idirghníomhú an cúigiú scil teanga anuas ar an gceithre scil traidisiúnta (North et al., 2022). Baineann gabháil, táirgeadh agus idirghníomhú leis an gceathrú modh cumarsáide ‘idirghabháil’ a bhaineann le tuiscint agus cumarsáid a éascú idir dhaoine aonair nó ghrúpaí (Comhairle na hEorpa, 2020).

Cuireann an ghluaiseacht ó 4 scil traidisiúnta go 4 mhodh na cumarsáide san FTCE deis ar fáil i dteagasc na Gaeilge san Ardteistiméireacht foghlaim iomlánaíoch, chomhtháite agus shóisialta a chur ar fáil. Bheadh na deiseanna seo ag teacht go láidir le croí-inniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí athbhreithnithe, a chuimseodh oideachas an duine iomlán, forbairt iomlánaíoch agus bealaí chun páirt a ghlacadh sa tsochaí ag leibhéil áitiúla agus dhomhanda. Tá an ghluaiseacht seo ábhartha ach go háirithe chun dul i ngleic leis na deacrachtaí atá sonraithe maidir le lagchumas cumarsáide agus labhartha na Gaeilge i measc daltaí scoile (Coady & Ó Laoire, 2002; Ó Laoire, 2005; An Roinn Oideachais, 2022). Aithnítear san FTCE cé chomh casta is atá próiseas na cumarsáide agus go bhfuil gá le cur le tuiscint foghlaimoírí maidir le conas go mbíonn scileanna éagsúla nasctha lena chéile chun idirghníomhaíocht agus cumarsáid a chur chun cinn (Comhairle na hEorpa, 2020).

Deis 6: Comhtháthú le polasaithe

Molann geallsealbhóirí go mba cheart forbairt a dhéanamh ar pholasaí don Ghaeilge ar fud an chórais oideachais, ó luathbhlianta go hardoideachas, a chuireann polasaithe san áireamh ar nós An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus An Polasaí don Oideachas LánGhaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (CNCM, 2023). Meastar go gcuirfeadh ailíniú leis an FTCE le cáilíocht an tsoláthair teagaisc teangacha in Éirinn thar réimsí teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Chuirfeadh cur chuige leanúnach, ailínithe leis an FTCE thar an gcontanam oideachais taobh le polasaí oideachais cuimsitheach don Ghaeilge, deis ar fáil cosáin a leagan síos do chumasú teanga an úsáideora Gaeilge a bheadh ailínithe le polasaithe teanga, spriocanna foghlama agus cleachtais scrúdaithe ar fud an chórais oideachais.

In *Déanann Teangacha Nasc - Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éireann 2017-2026*), leagtar amach riachtanais cumais do mhúinteoirí teangacha iasachta iarbhunscolaíochta de réir an FTCE. Níl an Ghaeilge san áireamh sa pholasaí seo ach moltar go mba chóir curaclam na Gaeilge a bheith san áireamh sa phlé ar pholasaí a bhaineann le teangacha iasachta chun leanúnachas agus trédhearcacht sa chóras oideachais a bhaineann le teangacha a chinntiú (CNCM, 2023). Tá an baol ann muna ndéantar an Ghaeilge sa chóras oideachais ag leibhéal na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE, amhail is atá déanta le teangacha iasachta agus Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, nach mbeadh an stádas céanna ag baint léi, a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach d'fhorbairt na teanga. Tá géarghá le pleanáil straitéiseach don Ghaeilge sa chóras oideachais a aithníonn go hiomlánaíoch dea-chleachtais oideolaíocha teangacha ag leibhéal na hEorpa, staid oifigiúil na Gaeilge san Eoraip agus stádas náisiúnta uathúil na Gaeilge in Éirinn.

Cé go bhfuil an tSraith Shóisearach ag teacht go mór leis an FTCE, fuarthas locht le linn comhairliúchán nach bhfuil aon mheastóireacht nó taighde déanta ar a éifeacht nó a thionchar (CNCM, 2023). Tá taighde déanta in oiliúint mhúinteoirí an tumoideachais mar chuid de chur i bhfeidhm an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* a léiríonn éifeachtaí agus tionchar chumas teanga an mhúinteora Ghaeilge a ailíniú le leibhéal agus tuairiscíní an FTCE agus le spriocanna polasaí an stáit (Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2024). Cé go bhfuil an múnla d'fhoghlaím na Gaeilge deartha le haghaidh oideachas múinteoirí (Ní Dhonnchadha et al. 2024), tá taithí agus fianaise ar fáil a bheadh tráthúil don phlé ar shonraíochtaí Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE agus múnlaí reatha dúchasacha a leanúint agus a chur in oiriúint dó. Caithfear a thabhairt faoi deara áfach go mbeadh gá le han-chuid pleanála agus ullmhaithe chun an oiriúnú sin a dhéanamh, rud a phléifear arís thíos faoi dhúshláin fhéideartha.

Deis 7: Comhtháthú leis an bhfoghlaím ábhar

Tá fianaise ar fáil chomh maith a léiríonn gur féidir an sealbhú teanga atá ailínithe leis an FTCE a chomhtháthú leis an bhfoghlaím ábhar chun an fhoghlaím teanga a chur chun cinn go comhuaineach leis an bhfoghlaím ábhar (Tardieu & Dolitsky, 2012; Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2019; Kaur & Zhi Jian, 2022; Redlich & Pattison, 2024). Maireann an mhíthuiscint gur ar an inniúlacht teanga amháin a bhfuil béim san FTCE, ach cuireann an FTCE béim níos leithne ar inniúlacht agus ar eolas níos leithne (North & Goodier, 2018). Tá cáineadh déanta sa chomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta go bhfuil an iomarca béime ar an litríocht agus ar an bhfoghlaím de ghlanmheabhair agus easpa béime ar an gcumarsáid agus úsáid dhílis na teanga (CNCM, 2023). Tá deis ann an FTCE a chomhtháthú leis an bhfoghlaím comhtháite ábhar agus teanga, ach go háirithe leis an *bhfráma 4 C* (*Content, Communication, Cognition and Culture*) chun an fhoghlaím ábhar i gcuraclam Gaeilge na hArdteiste a éascú fad is atá cumas cumarsáide agus feasacht chultúrtha á gcothú go comhuaineach agus go córasach (Redlich & Pattison, 2024).

Deis 8: Inniúlacht Teanga sa Ghaeilge a Fhorbairt

Tá mórdheacrachtaí agus mórdhúshláin sonraithe le hinniúlacht lag sa Ghaeilge i measc daltaí scoile (An Roinn Oideachais, 2022) agus cé go bhfuil na foghlaimeoirí úd ann a néiríonn leo an Ghaeilge a thabhairt leo go héifeachtach ón gcóras oideachais, is mionlach iad na húsáideoirí teanga seo sa Ghaeilge (Ní Chlochasaigh, 2020; Ní Longaigh, 2016). I dtuarascálacha comhairliúcháin CNCM léirítear go bhfuil éileamh láidir i measc geallsealbhóirí ar phleanáil teanga ag gach leibhéal den chóras oideachais chun aghaidh a thabhairt ar inniúlacht teanga sa Ghaeilge a fhorbairt. Léirítear peirspictíochtaí go bhféadfaí an sprioc sin a bhaint amach trí ailíniú leis an FTCE, lena gcuirfí spriocanna teanga trédhearcacha agus cur chuige gníomhach ar fáil, a chuirfeadh le muinín, spreagadh agus cumas teanga an fhoghlaimeora Gaeilge. Is féidir leis an FTCE cabhrú le múinteoirí agus lucht deartha curaclaim spriocanna a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach (Kaur & Zhi Jian, 2022).

Sonraítear i dtaighde ar fhorbairtí inniúlachta sa Ghaeilge bunaithe ar an FCTE gur féidir le húsáideoirí na Gaeilge dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an bhfoghlaím ábhar agus teanga má bhíonn na cúinsí i gceart. Cuimsítear sna cúinsí seo scafaill ar nós tacaíochtaí teanga, aiseolas ceartaitheach, monatóireacht ar dhul chun cinn agus measúnú de réir tuairiscíní an FCTE (Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2024). Nuair atáthar ag iarraidh inniúlacht teanga a fhorbairt, ach go háirithe i gcás na mionteanga, tá géarghá le dearadh foghlama córasach agus téargartha a dhéanann cumasú i mbealaí bríocha, idirghníomhacha le cur chuige gníomhach, tréithe atá ina gcroí-phrionsabail den FTCE.

Deis 9: An Cumas Teanga a Mhapáil trí phunann fheidhmiúil

Léiríodh meascán de pheirspictíochtaí ar an bpunann teanga sa phróiseas comhairliúcháin, ina raibh aiseolas faoi easpa eolais agus treoirlínte ar fheidhm agus ar struchtúr na punainne, easpa samplaí agus teoracha oideolaíocha (CNCM, 2023). Ceistíodh ról na punainne sa chleachtas chun an sealbhú teanga a chur chun cinn agus ardaíodh buairt maidir lena cur i bhfeidhm go héifeachtach i dtaobh cúrsaí ama, ualach oibre, nasc leis an scrúdú cainte agus an bhéim fós ar an bhfoghlaím de ghlanmheabhair.

Ar an taobh eile den mheá, sonraíodh buntáiste na punainne mar uirlis chumhachtach don fhoghlaím fhéinriartha a neartú, don fhorbairt teanga a thomhas agus don fheasacht agus machnamh teanga a chur chun cinn (Mac Gearailt et al. 2023).

Forbrófaí treoirlínte don phunann teanga i dteannta leis an tsonraíocht, sa chás ina dhéanfaí tuilleadh forbartha ar shonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2023). D'fhéadfadh ailíniú leis an FTCE agus obair Chomhairle na hEorpa, go háirithe Punann na dTeangacha Eorpacha (PTE), feidhmiú mar mhúnla fianaise-bhunaithe chun tuilleadh eolais a chur ar fáil d'úsáid na punainne i gcóras oideachais na hÉireann. Cé go mbeadh géarghá leis an PTE a chur in oiriúint do chomhthéacs agus d'fhoghlaím na Gaeilge, ag cur san áireamh na ndeacrachtaí atá aitheanta sa chomhairliúchán, tá an t-uafás acmhainní cruthaithe agus curtha ar fáil ag Comhairle na hEorpa in éineacht leis an PTE chun tacú leis an bhforbairt seo. Tá fianaise ar fáil gur dea-chleachtas aitheanta atá sa phunann teanga atá cruthaithe a bheith éifeachtach chun an fhoghlaím teanga fhéinriartha agus litearthacht foghlama teanga a chur

chun cinn agus cumais teanga a thairfeadh agus a aithint (Comhairle na hEorpa, 2006; Little, 2003, 2009, 2019).

Os rud é go gcomhlánaíonn an phunann an FTCE (Dillon, 2016), ba cheart tosaíocht a thabhairt d'iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de leagan oiriúnaithe de Phunann na dTeangacha Eorpacha, lena gcuimseofar foghlaim, teagasc agus measúnú, a chomhtháthú i gcuraclam Gaeilge na hArdteistiméireachta.. Ní mór chomh maith iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann leis an PTE a nascadh leis an bhfoghlaim dhigiteach a chuirfeadh uirlis dhinimiciúil agus réamhghníomhach ar fáil i gcomhthéacsanna oideachais éagsúla (Perez Cavana, 2012).

Díreofar sa chéad chuid eile den pháipéar ar léamh criticiúil a dhéanamh ar na peirspictíochtaí a aithníonn dúshlán le Gaeilge na Sraithe Sinsearaí a ailíniú leis na FTCE (Comhleabhar).

Dúshlán 1: Bonn eolais na múinteoirí maidir leis an FTCE a chur i bhfeidhm

Mar a luadh thuas, ní féidir a shéanadh ach go mbeadh buntáistí ag baint lena leithéid de chur chuige trédhearcach agus leanúnach is a chuireann an FTCE ar fáil. Caithfear a aithint gur obair mhór a bheadh i gceist ina mbeadh gá le planáil chúramach, deiseanna foghlama gairmiúla agus meastóireacht leanúnach. Moltar sa chomhairliúchán go ndéanfaí meastóireacht ar thionchar agus ar éifeacht aillíniú an FTCE sa tSraith Shóisearach ar dtús agus go ndéanfaí tuilleadh taighde sular leanfaí le hailíniú a chur i bhfeidhm do Ghaeilge na hArdteiste (CNCM, 2023).

Meastar i bpeirspictíochtaí na múinteoirí, mar a tuairiscíodh sna foinsí a rinneadh anailís orthu don pháipéar, go bhfuil an FTCE deacair a thuiscint agus admhaítear go bhfuil bearnaí móra i mbonn eolais agus i bhfeasacht na múinteoirí ar chleachtais agus prionsabail an FTCE, chomh maith le heaspa oiliúna maidir lena chur i bhfeidhm (Uri et al. 2018; Chong & Yamat, 2021; Arepin et al. 2022; Kaur & Zhi Jian, 2022; Levy & Figueras, 2022). Tá an baol ann go mbeadh míthuiscintí, easpa leanúnachais sa chur i bhfeidhm agus leis ar mhúinteoirí dul i ngleic le hathrú agus leis an ailíniú leis an FTCE dá bharr. D'fhéadfadh inní a bheith ann toisc easpa acmhainní agus saineolais ar ábhair chuí a dhearadh agus deacrachtaí praiticiúla maidir le hualach oibre an mhúinteora agus uaireanta aitheanta don fhorbairt ghairmiúil (ibid).

Tá bonn eolais na múinteoirí riachtanach chun go mbeadh éifeacht ag baint leis an ailíniú idir an curaclam agus an FTCE agus ní mór machnamh cuí a dhéanamh ar na dúshlán a d'fhéadfadh a bheith i gceist do mhúinteoirí (Piccardo, 2010). Chun teacht slán ar na bacainní sin, bheadh géarghá le deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha ar ardchaighdeán, nach bhfuil dírithe ar eolas faoin FTCE amháin ach conas an FTCE a chur i bhfeidhm go praiticiúil i gcomhthéacsanna teagaisc ar leith. Chun inní a laghdú agus éifeacht a mhéadú, ní mór go mbeadh múinteoirí rannpháirteach sa chur i bhfeidhm agus sna próisis mheastóireachta agus go mbeidís oile ar an bhfráma a chur in oiriúint go solúbtha.

Dúshlán 2: Éabhlú modheolaíochta agus cur chuigí teagaisc

Is féidir le dul i ngleic le modheolaíochtaí nua teagaisc a bheith dúshlánach nuair atá modhanna níos ba thraidisiúnta leabaithe sa chleachtas, mar shampla, ag imeacht ó mhodhanna teagasc-bhunaithe i dtreo modhanna foghlaim-bhunaithe a bhaineann le tascanna an tsaoil seo. D'fhéadfaí an cheist a chur cad iad na difríochtaí idir an cur chuige cumarsáideach a chuireann béim ar inniúlacht chumarsáide agus an cur chuige gníomhach, a shonraítear san FTCE, a chuireann leis an gcur chuige cumarsáideach (féach Aguisín B do na príomhdhifríochtaí). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar mhúinteoirí dul i dtaithí ar chur chuige nua faoi fhráma nua agus acmhainní a fhorbairt atá ailínithe le tuairiscíní an fhráma. Is fíor seo ach go háirithe i dteanga mhionlach nuair nach mbeadh an líon céanna acmhainní ar fáil sa sprioctheanga, mar a d'fhéadfaí a rá faoi chás na Gaeilge in ainneoin go bhfuil iarrachtaí móra déanta chun níos mó acmhainní a chur ar fáil: An Tairseach COGG, SNAS, Teastas Eorpach na Gaeilge.

Bheadh sé riachtanach mar sin, go gcuirfí acmhainní teagaisc, foghlama agus measúnuithe ar ardchaighdeán atá in oiriúint do chomhthéacs foghlama na Gaeilge ar fáil. Tá an baol ann nach mbeadh acmhainní an FTCE go ginearálta oiriúnach do chomhthéacs na Gaeilge agus ba cheart 'banc acmhainní' saineolaíoch a fhorbairt faoi stiúir saineolaithe ar an FTCE, ag díriú ar an FTCE a chur i bhfeidhm i leith churaclam Gaeilge na hArdteiste.

Toisc nach cúrsa teanga amháin atá i nGaeilge na hArdteistiméireachta, bheadh gá le clár teanga agus acmhainní a dhearadh a bheadh ag freagairt do hábhair agus do riachtanais teanga an churaclaím ar bhealach comhtháite (Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2024). Bheadh gá le sainscileanna ar leith agus forbairt ghairmiúil ar an FTCE agus ar an FCÁT chun é seo a bhaint amach go sásúil ar an gcaighdeán cuí. Ní mór an tacaíocht chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí sa ghluaiseacht chuig cleachtais an FTCE i gcomhthéacs Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí.

Mar thaca leis sin, toisc gur cúrsaí teanga a bhíonn ailínithe leis an FTCE de ghnáth, seachas cúrsa FCÁT nó litríocht-bhunaithe. Is beag ceann de na tuairiscíní atá bunaithe go sonrach ar chúrsa litríochta agus mar sin de bheadh gá glacadh le tuairiscíní an FTCE go solúbtha leis an bhféidearthacht iad a chur in oiriúint do Ghaeilge na hArdteistiméireachta.

Dúshlán 3: An tilteangachas a chur chun cinn agus FTCE a chur in oiriúint do chomhthéacsanna sochtheangeolaíocha uathúla na Gaeilge

Má táthar chun dul i mbun Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE go bríoch agus le coincheapa ar nós an ilteangachais, beidh géarghá le hathruithe suntasacha i gcleachtais oideolaíocha, i ndearadh curaclaím, i bhforbairt acmhainní agus in oiliúint an mhúinteora (North et al. 2022). Léiríonn taighde SEALBHÚ ag leibhéal na bunscoile go bhfuil buntáistí ag baint leis an gcur chuige ilteangach ionduchtach i bhfeasacht teanga agus cumarsáid idirchultúrtha a chur chun cinn. Tá samplaí agus léargais úsáideacha le fáil sa staidéar ar mhúineadh gramadach na Gaeilge trí chur chuige an ilteangachais, lena néascaítear tuiscintí agus cleachtais an ilteangachais san oideachas teanga (Ní Dhíorbháin et al. 2024).

Go minic áfach, bíonn deacracht agus míthuiscintí le coincheap an ilteangachais ann féin gur gá aghaidh a thabhairt orthu chun idirdhealú a dhéanamh idir ‘breisteangachas’ agus ‘ilteangachas’. Is ionann ‘breisteangachas’ agus teangacha éagsúla ag maireachtáil le chéile ag leibhéal na sochaí nó an duine indibhidiúil mar aonaid aonair ach is beag idirghaol a bhíonn idir na teangacha. Is ionann ‘ilteangachas’ agus an tslí ina ndéantar na teangacha, eolas ar na teangacha agus eolas cultúrtha a chomhtháthú le chéile go dinimiciúil i stór agus i dtaithe theangeolaíoch an fhoghlaimeora aonair (Piccardo, 2021). Ní mór aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscintí eile chomh maith, cuir i gcás gur feiniméan nua atá san ilteangachas, go mbaineann sé le daoine atá thar a bheith oilte san fhoghlaim teanga agus gur baolach é an tilteangachas do theangacha dúchais (North et al. 2022).

Is iomaí acmhainn atá ar fáil chun tacú leis an ngluaiseacht chun an curaclam a ailíniú leis an FTCE agus leis an ilteangachas – CEFR toolkit, Punann na dTeangacha Eorpach (PTE), *Framework of Reference for Pluralistic Approaches* agus samplaí de chomhthéacsanna dátheangacha domhanda ina bhfuil an FTCE ailínithe le curaclam teanga (British Council, UKALTA, EALTA agus ALTE, 2022). Is san Eoraip ar dtús a cuireadh an FTCE i bhfeidhm i dtíortha na mórtheangacha agus na mionteangacha ina bhfuil úsáid bainte as an bhfráma mar uirlis tagartha i ngach mór gach ballstát de Chomhairle na hEorpa agus den Aontas Eorpach (Comhairle na hEorpa, 2020: 27). Síneadh an fráma lasmuigh den Eoraip chun na hÁise freisin, áit ina bhfuil an fráma curtha in oiriúint do chomhthéacsanna sochtheangeolaíocha na Seapáine, na Síne, na Cóiré, na Malaeisia ón réamhscoil go dtí an ardoideachas (Uri et al. 2018). Tá an FTCE crutha i bhfeidhm i gCeanada, áit ina bhfuil forbairt tuairiscithe ar an ngluaiseacht ón ‘mbreisteangachas’ atá beo beathach sa tsochaí agus sa phobal go dtí béal ar an FTCE agus ‘ilteangachas’ an fhoghlaimeora aonair agus an tionchar a bhíonn aige ar mheas agus rochtain ar theangacha (Wernicke & Bournot-Trites, 2011).

Léirítear i staidéir ar an FTCE a ailíniú le curaclam gur gá an fráma a chur in oiriúint mar thosaíocht chun comhthéacs sochtheangeolaíoch na teanga a chur san áireamh, ach go háirithe más cás na mionteanga atá i gceist (Lotti, 2007; Ó Ciardúbháin & Nic Giolla Mhichíl, 2014). In ainneoin cé chomh forleathan is atá an FTCE curtha in oiriúint do chomhthéacsanna éagsúla mórtimpeall an cruinne, tuairiscítear deacrachtaí fós maidir le bonn eolais na múinteoirí ar an FTCE a chur i bhfeidhm i dtíortha éagsúla amhail an Mhalaeisia, an Astráil agus Sasana (Uri et al. 2018), (mar a pléadh faoi Dhúshlán 1 thuas).

Dúshlán 4: Ról na hidirghabhála agus an trasteangaithe in oideachas teanga

D’fhéadfadh dúshlán eile teacht chun cinn ag glacadh le coincheapa nua an FTCE i múineadh na Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta, go háirithe coincheap na hidirghabhála. Is éard is idirghabháil ann úsáideoir teanga a bheith mar idirghabhálaí chun tuiscint agus cumarsáid a éascú idir dhaoine agus ghrúpaí, laistigh de theanga aonair nó idir theangacha éagsúla, faoi mar a dhéanfaí san fhíorchumarsáid shóisialta (Schneider, 2020; Comhairle na hEorpa, 2020). Déanann METLA (2023: 16) sainmhíniú ar an idirghabháil thrasteangeolaíoch mar ‘the process of relaying or transferring information from one language to another for a given communicative purpose’. Tarlaíonn idirghabháil idirtheangeolaíoch nuair a éascaíonn an t-idirghabhálaí cumarsáid sa teanga chéanna ‘in order to bridge communication gaps’ (ibid, 11).

Tá níos mó i gceist ná aistriú ó theanga amháin go teanga eile áfach, ach ag cruthú deiseanna cumarsáide agus rannpháirtíochta chun eolas nua agus tuiscintí nua a fhorbairt i measc daoine (ibid).

I múineadh na Gaeilge, glactar leis an tumoideachas mar dhea-chleachtais san oideachas teanga i gcomhthéacsanna T1 agus T2 agus moltar go láidir do mhúinteoirí in Éirinn an Ghaeilge a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaí a argóint go bhfuil an meon seo i leith dea-chleachtais i gcoimhlint láidir lena bhfuil ag titim amach sa chleachtas i suíomhanna áirithe ina bhfuil ról an Bhéarla i múineadh na Gaeilge nó trí Ghaeilge ina dúshlán leantach nach bhfuil an-chuid iniúchta déanta air (DES, 2000 in Little, 2003; Ní Chonchúir, 2025). Fiú le coincheap an trasteangaithe, níltear cinnte faoina úsáid agus a oiriúnacht i múineadh na Gaeilge, toisc úsáid dhílis na teanga a bheith sa seomra ranga do mhórchuid úsáideoirí na Gaeilge (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2018). Ba cheart torthaí taighde a bhaineann leis an idirghabháil thrasteangeolaíoch agus an trasteangú a chur san áireamh in oideachas múinteoirí agus san fhoghlaím ghairmiúil chun tacú le himpleachtaí praiticiúla agus plé a chur chun cinn maidir le ról an Bhéarla i múineadh na Gaeilge/trí Ghaeilge.

Dúshlán 5: Comhtháthú le polasaithe

Cé go mbeadh buntáistí móra ag baint le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a ailíniú le polasaithe stáit do gach foghlaiméoir chun cur chuige leanúnach a chinntiú i gcuspóirí forbartha na Gaeilge sa chóras oideachais, d'fhéadfadh dúshlán a bheith i gceist leis an ailíniú a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Tá scoileanna ag dul i ngleic cheana féin le polasaithe a chur i bhfeidhm agus spriocanna na bpolasaithe a bhaint amach. Dá mbeifí ag comhtháthú forbairtí na hArdteistiméireachta le múnla amhail an FTCE trí pholasaí stáit, ní mór go mbeadh an nasc eatarthu soiléir, trédhearcach agus sonrach.

Dúshlán 6: Comhtháthú leis an bhfoghlaim ábhar

Ba mhór an buntáiste an fhoghlaím teanga a comhtháthú leis an bhfoghlaim ábhair chun scafall bríoch don fhoghlaím teanga agus ábhair a fhorbairt go comhuaineach. Tuigtear ón litríocht ar an FCÁT áfach go bhfuil dúshlán mhóra ag baint le teagasc agus foghlaim teanga a thugann aghaidh ar theanga, ábhar agus litearthacht go comhuaineach (Cammarata & Haley 2018; Cammarata & Tedick 2012; Ó Ceallaigh *et al.* 2016; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Tedick & Lyster 2020). Bíonn gá le hoiliúint ar ardchaighdeán do mhúinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun go mbeadh an cur chuige comhtháite rathúil (Lyster & Ballinger 2011; Lyster & Tedick 2014).

Má táthar chun Gaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE chun aghaidh a thabhairt ar inniúlacht teanga agus eolas ar ábhar ar fud an churaclaim, ní mór múinteoirí a chur ar an eolas faoi conas an teanga a mhúineadh i gcomhthéacs an ábhair agus conas an t-ábhar a mhúineadh trí mheán na teanga i mbealaí bríocha. Bheadh gá le hinfheistíocht mhór i bhforbairt ghairmiúil agus in oiliúint tosaigh agus leanúnach do mhúinteoirí, ionas go mbeadh na scileanna agus na straitéisí riachtanacha acu chun an sprioc seo a bhaint amach.

Dúshlán 7: Béim ar mheasúnú

Cé go bhfuil béim san FTCE ar chur chuige iomlánaíoch san fhoghlaím teanga, tá an baol ann fós go bhféadfaí an iomarca béime a chur ar mheasúnú agus go samhlófá an fráma le cúrsaí scrúdaithe amháin. Is baol suntasach é seo i gcomhthéacs na hÉireann ina ndéantar cáineadh go bhfuil an iomarca béime ar an gcóras scrúdaithe cheana féin (CNCM, 2023). Molann North et al. (2022) gan an inniúlacht teanga a shamhlú le gnóthachtáil scrúdaithe amháin ach féachaint ar bhealaí nuálacha chun inniúlachtaí teanga a thomhas de réir tuairiscíní an FTCE. D'fhéadfadh punann teanga, blaganna, vikíthe, podchraoltaí, cur i láthair ilmhódacha, póstaí, físeáin atá bunaithe go sonrach ar ábhar agus ar theanga an churaclaim a bheith ina mbealaí nuálacha.

Bheadh gá le planáil straitéiseach, forbairt ghairmiúil chuí agus eiseamláirí measúnaithe a fhorbairt a léireodh conas inniúlachtaí teanga a thomhas de réir tuairiscíní an FTCE, nach mbeadh ag brath ar chóras scrúdaithe amháin. Bheadh an fhís seo ag teacht le fis na hathfhorbartha ar an Ardteistiméireacht go forleathan (CNCM, 2022), a leagann béim ar chosáin foghlama a chur chun cinn le bealaí measúnaithe níos éagsúla agus níos dinimiciúla .

Dúshlán 8: An Cumas Teanga a Fhorbairt agus a Mhapáil trí phunann fheidhmiúil

Léiríonn staidéir atá déanta ar chumasú na Gaeilge agus ar phunann a chur i bhfeidhm mar scafall ar an sealbhú teanga, go bhfuil feidhm bheo agus bhríoch ag baint le punann teanga, ach go háirithe má dhéantar an phunann a chomhtháthú leis an FTCE agus leis an bhfoghlaím teanga ríomhchuidithe (Ó Ceallaigh & Ní Chlochasaigh, 2020; Ní Chlochasaigh & Ó Ceallaigh, 2023; Dillon, 2016). Tá fianaise éigin ar fáil sa mhúnla seo, atá stiúrtha ag obair Chomhairle na hEorpa, go bhfuil punann teanga éifeachtach ní hamháin mar uirlis chun an teanga a fhorbairt ach chun an fhorbairt sin a mhapáil. Is féidir le foghlaimeoirí riachtanais a aithint, deacrachtaí, botúin choitianta agus aiseolas ceartaitheach a chlárú agus an fhoghlaím feasach agus mhachnamhach a chur chun cinn.

Chun éifeachtacht a chinntiú áfach ní mór go mbeadh struchtúr nó teimpléad curtha ar fáil ar dhearadh na punainne. Ní mór litearthacht a bheith ag an bhfoghlaimeoir agus ag an múinteoir faoi úsáid éifeachtach na punainne. Is gá nasc soiléir le cuspóirí foghlama (tuairiscíní an FTCE), nasc le measúnú agus marcanna agus roghanna ilmhódacha ag baint leis an bpunann seachas scríobh mar scil cheannasaíochta na punainne (ibid). D'fhéadfaí mar shampla, nasc níos láidre a chruthú idir cleachtadh cainte mar chuid den fhianaise ar fhoghlaím sa phunann agus é sin a ailíniú leis an scrúdú béil. Rinneadh an moladh le linn an chomhairliúcháin ag eascairt as ábhar buartha, go mbeadh nasc níos mó idir marcanna don scrúdú béil agus an phunann (CNCM, 2023). Ábhair bhuartha eile a thagann chun cinn ná taithí múinteoirí agus daltaí ar dhul i ngleic leis an bpunann i sonraíochtaí T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí mar chuid den mheasúnú leanúnach CBA 1 a bhfuil cáineadh déanta air mar chur amú ama. Easpa eolais maidir le cur i bhfeidhm na punainne agus ceisteanna maidir le luach na punainne atá ina n-ábhar buartha do gheallsealbhóirí chomh maith (ibid).

Chun uirlis bhríoch a chruthú leis an bpunann teanga, bheadh tacaíocht agus treoir ghairmiúil ag teastáil ó mhúinteoirí maidir lena cur i bhfeidhm, mar aon le sraith de treoirlínte soiléire

mar a pléadh thuas faoi Dheis 8. Gan an tacaíocht sin, bheadh an baol ann go nglacfaí leis an bpunann mar uirlis mheasúnaithe ‘bog’ agus ní fhéadfadh sé a bheith éifeachtacht a dhóthain.

Conclúid

Rinneadh plé sa phlépháipéar seo ar dheiseanna agus ar dhúshláin a bhaineann leis an FTCE (Comhleabhar) i gcomhthéacs athfhorbairt churaclam na Gaeilge ag leibhéal na hArdteiste. Léiríonn an t-iniúchadh criticiúil a rinneadh ar pheirspictíochtaí atá ar fáil sa litríocht go bhfuil idir deiseanna agus dúshláin ag baint leis an ailíniú féideartha. Cé go bhfuil dúshláin suntasacha aitheanta, is cosúil go bhfuil na deiseanna chun feabhas a chur ar oideachas teanga leis an ailíniú seo níos láidre fós agus tá roinnt straitéisí á moladh chun na dúshláin a mhaolú.

Déantar a mholadh ar an mbonn sin bunaithe ar an bhfianaise atá curtha i láthair sa pháipéar seo, gur fiú go mór féachaint ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE (Comhleabhar) ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar réitigh na ndúshlán. D’fhéadfaí seo a bhaint amach trí infheistíocht spriocdhírthe i dtaighde, i gcosáin foghlama gairmiúla a dhearadh agus i bhforbairt acmhainní.

Tá fianaise curtha i láthair sa pháipéar seo a d’fhéadfadh fíis a chur ar fáil do phleanáil ar shonraíocht do Ghaeilge na hArdteistiméireachta a ailíniú leis an FTCE ar bhealach éifeachtach agus brioch. Tá féidearthacht san ailíniú seo chun dul i ngleic le deacrachtaí atá aitheanta le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais.

Leabharliosta

Arepin, M., bin Mat Yusoff, S. & Farhan, A. (2022) ‘Secondary School Teachers’ Perspectives towards the Implementation of CEFR-Aligned English Curriculum’. *Journal of Creative Practices in Language Learning and Teaching* (CPLT) 10(3), 2022.

Barnes, E., Condon, J., Devitt, A., & Ó Murchadha, N. (2024). Driving Motivation in Irish Language Learning: An analysis of variation in post-primary pupil attitudes to Irish in the Growing Up in Ireland study. *TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics*, 31, 181–205. <https://doi.org/10.35903/teanga.v31i.7542>

British Council, UKALTA, EALTA and ALTE (2022). *Aligning Language Education with the CEFR: A Handbook*.

Cammarata, L. & Haley, C. (2017) Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: a professional development journey. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(3), 332-348. <https://doi.org/10.1080/13670050.2017.1386617>

Cammarata, L. & Tedick, D. (2012). Balancing Content and Language in Instruction: The Experience of Immersion Teachers. *The Modern Language Journal*. 96. 153-289. 10.2307/41684072.

Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (2018) Teacher education and professional development in immersion and content-based language education contexts: Current research on programs, practices, and teacher educators. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*.

Chong, G. & Yamat, H. (2021) Teachers' Implementation of CEFR-aligned Curriculum: A Preliminary Study. *Journal of English Language Teaching and Applied Linguistics*, 3(3), pp. 5-9. <https://doi.org/10.32996/jeltal.v3i3.1366>.

Coady, M., & Ó Laoire, M. (2002) Mismatches in Language Policy and Practice in Education: The Case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. *Language Policy* 1, 143–158. <https://doi.org/10.1023/A:1016102201242>

Council of Europe (2005) *Survey on the use of the Common European Framework of Reference for Languages (CEFR): Synthesis of Results*. Available at: http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/CADRE_EN.asp (Accessed: 13 January 2025).

Council of Europe (2001) *Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment*, Cambridge University Press, Cambridge. www.coe.int/langcefr and <http://rm.coe.int/1680459f97>.

Council of Europe (2011) *European Language Portfolio: Principles and guidelines, with added explanatory notes*. Council of Europe. <https://rm.coe.int/16804586ba>

Council of Europe (2020) *Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment. Companion volume*, Council of Europe Publishing, Strasbourg. <https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languagelearning-teaching/16809ea0d4>

Department of Education and Science (2000) *Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, Gaeilge, Tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí*, Dublin, p.13.

Department of Education (2017) *Policy on Gaeltacht Education 2017-2022*. Dublin.

Department of Education. (2017). *Languages Connect - Ireland's strategy for foreign languages in education 2017-2026*. Retrieved from <https://www.gov.ie/en/publication/52f94d-framework-for-consultation-on-a-foreignlanguages-in-education-strat/>

Department of Education (2022) *Chief Inspector's Report, September 2016 – December 2020*. Available at: <https://www.gov.ie/en/collection/4a07f2-chief-inspectorsreports> (Accessed: 13 January 2025).

Devitt, A., Condon, J., Dalton, G., O'Connell, J. & Ní Dhuinn, M. (2016) 'An maith leat an Ghaeilge? An analysis of variation in primary pupil attitudes to Irish in the Growing Up in Ireland study'. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(1), pp. 105–117. <https://doi.org/10.1080/13670050.2016.1142498>.

- Dillon, G. (2016) *Self-Assessment and Learning Irish: A Pilot Study*. NCCA Assessment Research Series 2016.
- Dörnyei, Z. (2009) 'The L2 Motivational Self System'. In: Dörnyei, Z. & Ushioda, E. (eds.) *Motivation, Language Identity and the L2 Self* (pp. 9-42). Bristol: Multilingual Matters.
- Dörnyei, Z. (2009). The L2 Motivational Self System. In Z. Dörnyei, & E. Ushioda (Eds.) *Motivation, Language Identity and the L2 Self*, Clevedon: Multilingual Matters.
- Gaeloideachas (2021) *Comhairliúchán na CNCM maidir le Dréachtsonraíocht na Gaeilge don Ardteist. Treoirphointí agus spreagcheisteanna Gaeloideachas mar thacaíocht do Mhúinteoirí*.
- Government of Ireland (2010) *20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030*. Dublin.
- Hunter, D. & Ortiz, A. (2025) Action-orientated scenarios: Inspiring pedagogical innovation, reflection, and self-assessment in the classroom. *API Education Forum*, 6th February 2025.
- Kaur, P. & Zhi Jian, M. (2022) 'The CEFR-Aligned Curriculum: Perspectives of Malaysian Teachers'. *Asian Journal of Research in Education and Social Sciences*, 4(1), pp. 138-145. Available at: <https://myjms.mohe.gov.my/index.php/ajress/article/view/17408> (Accessed: 8 January 2025).
- Levy, M. & Figueras, N. (2022) 5 The Action-oriented Approach in the CEFR and the CEFR Companion Volume: A Change of Paradigm(s)? A Case Study from Spain. In Little, D. & Figueras, N. (2022) *Reflecting on the Common European Framework of Reference for Languages and its Companion Volume*. Bristol, Blue Ridge Summit: Multilingual Matters, 2022. <https://doi.org/10.21832/9781800410206>
- Little, D. (2003) *Languages in the Post-Primary Curriculum: A Discussion Document*. NCCA: Dublin.
- Little, D. (Ed.) (2003) *The European Language Portfolio in use: nine examples*. Council of Europe.
- Little, D. (2009) The European Language Portfolio: where pedagogy and assessment meet. *8th International Seminar on the European Language Portfolio*, Graz, 29 September–1 October 2009
- Little, D. (2019). The European Language Portfolio: Past success, Present reality, Future prospects. In S. Ballweg & B. Kühn (Eds), *Portfolioarbeit im Kontext von Sprachenunterricht* (pp. 17-35). Universitätsverlag Göttingen.
- Lotti, B. N. M. (2007) *Investigation into the Use of the Common European Framework of Reference for Languages in Regional and Minority Language Education*. Fryske Akademy - Mercator European Research Centre on Multilingualism and Language Learning.
- Lyster, R. & Ballinger, S. (2011). Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts. *Language Teaching Research*. 15. 279-288. 10.1177/1362168811401150.

Lyster, R., & Tedick, D. (2014). Research perspectives on immersion pedagogy: Looking back and looking forward. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(2), 210–224.

Mac Gearailt, B., Davitt, E., Murray, C. & Westerwald, G. (2023) *Analysis of the surveys and the written submissions on the Draft Specification for Leaving Certificate Irish (L1 and L2)*: Report prepared for the National Council of Curriculum and Assessment. School of Education, University of Galway.

Martyniuk, W. & Noijons, J. (2007) *Executive Summary of Results of a Survey on the Use of the CEFR at National Level in the Council of Europe Member States*. Available at: http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/Forum07_webdocs_EN.asp#TopOfPage (Accessed: 13 January 2025).

National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) (2022) *Senior Cycle Review: Advisory Report*. Available at: <https://www.ncca.ie> (Accessed: 13 January 2025).

National Council for Curriculum and Assessment (2022) *Senior Cycle Review: Advisory Report*. NCCA: Dublin.

National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) (2023) *Consultation Report on the Draft L1 and L2 Specifications for Leaving Certificate Irish: March 2023*. Available at: <https://www.ncca.ie> (Accessed: 13 January 2025).

National Council for Curriculum and Assessment (2023) *The technical form of curriculum specifications for subjects and modules in a redeveloped Senior Cycle*. NCCA: Dublin.

Ní Chlochasaigh, K. (2020) Ag cothú na foghlama teanga éifeachtaí i gcás shealbhú an TX sa chóras oideachais: Cás na Gaeilge. *Léann Teanga: An Reiviú* (8).

Ní Chlochasaigh, K., O'Brien, E. & Ó Ceallaigh, T.J. (2023) 'The role of Digital or (e)assessment and feedback literacy in fostering learner agency in ITE'. In: Connolly, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (eds.) *Innovating Assessment and Feedback Design in Teacher Education*. Oxfordshire, UK: Routledge / ATEE Book Series.

Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2023) Defining Features of Effective Professional Development for Immersion Teachers. *EDULEARN 23, 15th annual International Conference on Education and New Learning Technologies*. Palma de Mallorca (Spain). 3rd - 5th of July, 2023.

Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2023) 'Rethinking assessment through E-portfolio-based language learning in immersion teacher professional development'. *EDULEARN 23, 15th Annual International Conference on Education and New Learning Technologies*, Palma de Mallorca, Spain, 3rd-5th July 2023.

Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2024) Building Linguistic Capacity and Mapping Linguistic Development in Immersion Teacher Professional Learning. *17th Annual International Conference of Education, Research and Innovation*. Seville, 11-13 November 2024.

Ní Chonchúir, A. (2025) *Caithfidh sé go bhfuil talamh éigin sa lár 'Múinteoirí in iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ag dul i ngleic le tascanna idirghabhála trasteangeolaíocha chun aghaidh a thabhairt ar ról an Bhéarla sa chleachtas*. Unpublished Doctoral Thesis, University College Cork.

Ní Dhiorbháin, A., Concannon-Gibney, T. & Ní Dhubhghaill, E. (2024) *A Plurilingual Approach to Teaching Irish Grammar in English Medium Schools*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/APlurilingual-Approach-to-Grammar-Teaching-2024-Béarla.pdf>

Ní Dhonnchadha, C. (2021). *Céard iad na cúinsí inspreatha a bhain le cinneadh mhic léinn tabhairt faoin mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge?*. Unpublished Masters Thesis (M.Oid)]. Mary Immaculate College, Limerick.

Ní Dhonnchadha, C., Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2024) Dianchonnair Fhéideartha an Inspreatha in Oideachas Múinteoirí an Tumoideachais (Potential Powerful Pathways of Motivation in Immersion Teacher Education). *TEANGA The Journal of the Irish Association for Applied Linguistics* (31).

North B. (2014), *The CEFR in practice*, Cambridge University Press, Cambridge.

North, B., Piccardo, E., Goodier, T., Fasoglio, D., Margonis, R. & Rüschoff, B. (Eds.). (2022) *Enriching 21st Century Language Education: The CEFR Companion volume in practice*. Council of Europe.

North, B., Piccardo, E., Goodier, T. & Fasoglio, D. & Margonis-Pasinetti, R. & Rüschoff, B. (2022) *Enriching 21st century language education-The CEFR companion volume in practice*. Council of Europe.

O'Brien, E. & Reale, J. (2021) 'Supporting learner agency using the pedagogy of choices'. To appear in: Balschke, L., Hase, S. (Eds.) *Unleashing the Power of Learner Agency*, Edtech Books (Open Source).

Ó Ceallaigh, T.J. Ní Mhurchú, S. & Ní Chróinín, D. (2016) Balancing content and language in CLIL: The experiences of teachers and learners. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 5 (1): 58-86.

Ó Ceallaigh T.J. & Ó Brolcháin, C. (2018) Ó Ceallaigh, T.J. & Brolcháin, Conchúr. (2018). Teachers and translanguaging in Irish-medium education: Causes and consequences. *Language, Identity and Education in Multilingual Contexts* (LIEMC18) At: Marino Institute of Education – Trinity College Dublin, IRELAND

Ó Ceallaigh, T.J. and Ní Chlochasaigh, K. (2019) Cultivating immersion teachers' linguistic proficiency through active blended learning. *ICLHE 2019 Conference, Multilingualism and multimodality in Higher Education*. Universitat Jaume, Castellón, Spain, 15-18 October 2019.

Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2020) E-portfolio-based language learning and assessment in immersion teacher professional development: Critical reflection, strategic thinking and independent action. *8th International Conference on Immersion and Dual Language Education*, Grand America Hotel, Salt Lake City, Utah, 7th-10th October 2020.

- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Chlochasaigh, K. (2020) Generating immersion teacher language awareness through online learning . In: M. Brown, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Beirne & E. Costello eds. *Proceedings of the 2019 ICDE World Conference on Online Learning* Dublin City University, Dublin, , pp.650-660.
- Ó Ciardúbháin, C. & Nic Giolla Mhichíl, M. (2014) Creating tasks in a less-commonly taught language for an open educational resource: Why the CEFR is important for Irish. In: Jager, S., Bradley, L., Meima, E.J. & Thouësny, S. (eds.) *CALL Design: Principles and Practice; Proceedings of the 2014 EUROCALL Conference*, Groningen, The Netherlands (pp. 261266). Dublin: Research-publishing.net. <https://doi.org/10.14705/rpnet.2014.000228>.
- Ó Laoire, M. (2005). *The Language Planning Situation in Ireland. Current Issues in Language Planning*. 6. 251-314. 10.1080/14664200508668284.
- Pérez Cavana, M.L. (2012) Making the eELP softer: Fostering strategic, self-regulated learning, in B. Kühn and M.L. Perez Cavana (eds) *Perspectives from the European Language Portfolio: Learner Autonomy and Self-Assessment*, Oxford: Routledge.
- Piccardo, E. (2010) ‘From Communicative to Action-oriented: New Perspectives for a New Millennium’. *CONTACT TESL Ontario*, 36, pp. 20-35.
- Piccardo, E. (2021) ‘Developing plurilingualism in the classroom: From reflection to action’. *THE CEFR COMPANION VOLUME: A Key Resource for Inclusive Plurilingual Education* 2021 Webinar Series. Webinar 4: June 4th, 16.00 CET.
- Piccardo E. and North B. (2019), *The action-oriented approach: A dynamic vision of language education*, Multilingual Matters, Bristol.
- Redlich, J., & Pattison, S. . (2024). Combining CEFR and 4C CLIL Frameworks for Principled Literature in Language Teaching. *NOBEL: Journal of Literature and Language Teaching*, 15(1), 1–21. <https://doi.org/10.15642/NOBEL.2024.15.1.1-21>
- Schneider, S. (2020) A critical analysis of the role of intercultural communication in the Common European Framework of Reference for Languages (CEFR) Companion Volume (2020). *Journal of Spanish Language Teaching*, 7(2) pp. 193-199.
DOI: <https://doi.org/10.1080/23247797.2020.1864112>
- Tardieu, C. & Dolitsky, M. (2012) Integrating the task-based approach to CLIL teaching. In Juan de Dios. *Teaching and Learning English through Biligual Education*, Cambridge Scholars Publishing, pp.3-35, 2012.
- Tedick, Diane & Lyster, Roy. (2019). *Scaffolding Language Development in Immersion and Dual Language Classrooms*. 10.4324/9780429428319.
- Uri, M., Farehah, N., Aziz, A., & Sallehuddin, M. (2018) Implementation of CEFR in Malaysia: Teachers’ awareness and the Challenges. *The Southeast Asian Journal of English Language Studies*. 24, 168-183.
- Ushioda, E. & Dörnyei, Z. (2012) ‘Motivation’. In: Gass, S. & Mackey, A. (eds.) *The Routledge Handbook of Second Language Acquisition* (pp. 396-409). New York: Routledge.

Wernicke-Heinrichs, M., Bournot-Trites, M. (2011) Introducing the CEFR in BC: Questions and challenges. *Canadian Journal of Applied Linguistics*, 14(2) Special Issue – Winter 2011.

Westhoff, G. (2007) Challenges and Opportunities of the CEFR for Reimagining Foreign Language Education. *The Modern Language Journal* 91 (2007).

Aguisíní

Aguisín A Príomhchuspóirí athchóiriú na sraithe sinsearaí

Cuspóir	Cur síos
Forbairt Iomlánaíoch	Athdhíriú ar fhorbairt scoláirí i ngach gné—eolas, scileanna, agus luachanna/meonta—chun cabhrú leo a bheith ina bhfoghlaimoirí saibhrithe, gafa agus inniúla.
Oideachas Uile-Duine	A chinntiú go leanann an tsraith shinsearach ag cur oideachais ar an duine ar fad, ag tabhairt aghaidh ar fhás acadúil, pearsanta agus sóisialta.
Saibhriú, Rannpháirtíocht agus Inniúlacht	Cabhraigh le gach dalta a bheith níos saibhrithe, níos gafa agus níos inniúla ina dturas foghlama.
Cuspóirí Comhchoiteanna agus Aonair	Freastal ar chomhchuspóirí (scoil/pobal) agus ar riachtanais scoláirí aonair araon.
Rochtain ar Thodhchaí Éagsúil agus ar Rannpháirtíocht Shibhialta	Cur ar chumas na mac léinn rochtain a fháil ar chonairí gairme éagsúla agus páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta agus i saol an duine fhásta.
Conairí Foghlama Solúbtha	Conairí níos solúbtha a chur ar fáil in oideachas na sraithe sinsearaí chun freastal ar riachtanais agus mianta éagsúla na mac léinn.
Comhtháthú Eolais, Scileanna agus Luachanna	Cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas, scileanna agus luachanna/meonta a chomhtháthú sa churaclam agus sa teagasc.
Ag tógáil ar Scileanna na Sraithe Sóisearaí	Tógáil ar na príomhscileanna a forbraíodh sa tsraith shóisearach, ag cinntiú leanúnachas san fhoghlaim agus san fhorbairt.
Comhleanúnachas Curaclaim	Curaclam comhleanúnach a chruthú le naisc idir ábhair agus comhpháirteanna curaclaim, ag leathnú chuig oideolaíocht, cigireachtaí, forbairt ghairmiúil, agus oideachas múinteoirí.
Soiléireacht i dTorthaí Foghlama	Soiléireacht a chur ar fáil maidir le torthaí foghlama, ag sonrú cad ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí, a thuiscint, agus a bheith in ann a dhéanamh agus cothromaíocht a choinneáil idir struchtúr agus solúbthacht.
Cothromaíocht idir Scafall agus Solúbthacht	Cothromaíocht a bhaint amach idir scafall a sholáthar do thorthaí foghlama agus solúbthacht a cheadú chun struchtúir ródhocht a sheachaint.
Príomhinniúlachtaí a Ionchorprú	Príomhinniúlachtaí a chur in ionad na bpríomhscileanna atá ann cheana féin, cur chuige níos comhtháite a chur chun cinn maidir le heolas, scileanna agus luachanna/meonta.
Curaclam Cuimsitheach	A chinntiú go bhfuil an curaclam cuimsitheach, go bhfuil meas aige ar an éagsúlacht agus go bhfuil meas aige ar an méid a chuireann gach scoláire ar fáil agus eispéiris thaitneamhacha agus torthaí fiúntacha á dtairiscint ag an am céanna.

An tSraith Shinsearach Aitheanta	Cuir luach ar an tsraith shinsearach, ní hamháin mar bhealach chun spriocanna amach anseo a bhaint amach ach ina ceart féin freisin, rud a chuirfidh feabhas ar eispéireas foriomlán na mac léinn le linn a mblianta deiridh scolaíochta.
Rannpháirtíocht Ghníomhach sa tSochaí	Cumas an scoláire a fhorbairt chun páirt ghníomhach bhríoch a ghlacadh sa tsochaí ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus domhanda.

Aguisín B Cur Chuige Cumarsáideach agus Cur Chuige Dírithe ar Ghníomhaíocht: Príomhdhifríochtaí Achoimrithe

Gné	Cur Chuige Cumarsáideach	Cur Chuige Atá Dírithe ar Ghníomhaíocht
Fócas	Cumarsáid mar phríomhspríoc; inniúlacht chumarsáide a fhorbairt le haghaidh úsáide amach anseo.	Teanga mar uirlis ghníomhaíochta; foghlaim teanga a úsáid san am i láthair chun tascanna a chur i gcrích; ghníomhaireacht atá i mbéal forbartha.
Ról an Fhoghlaimora	Úsáid teanga; freagracht agus roghanna teoranta.	Gníomhaire sóisialta; rannpháirtí gníomhach; cinnteoir; freagrach as a gcuid foghlama féin; comhtógaláí brí.
Dearadh an tSiollabais	Bunaithe ar anailís ar riachtanais, nóisin agus feidhmeanna fíor-saoil; dul chun cinn líneach a leanúint le fócas ar an ngramadach.	Bunaithe ar anailís ar riachtanais agus ar thascanna fíorshaoil; eagraithe timpeall nóisin agus feidhmeanna a roghnaíodh go cuspóireach; Úsáideann an páiste tuairisceoirí "is féidir a dhéanamh".
Gníomhaíochtaí Ranga	Cleachtadh teanga trí idirphlé agus cásanna réamhscríofa; scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a scaradh óna chéile.	Tascanna comhoibríocha agus cuspóireacha le torthaí fíor-dhomhanda; gach modh cumarsáide (fáiltiú, táirgeadh, idirghníomhaíocht, idirghabháil) a chomhtháthú.
Úsáid Teanga	Aistriú faisnéise; teanga a chleachtadh lena húsáid amach anseo.	Teangachas agus ilteangachas, comh-thógáil brí sa lá atá inniu ann, cur in iúl smaoinimh, agus forbairt straitéisí.
Measúnú	Béim ar chruinneas; tascanna measúnaithe a úsáid a spreagann meamraim ar nós aistí traidisiúnta agus scrúduithe béil.	Díriú ar chumas cumarsáideach i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus ar an gcumas tascanna a dhéanamh trí úsáid a bhaint as inniúlachtaí agus straitéisí éagsúla.

Teoiricí Bunúsacha	Taighde luath i sealbhú an dara teanga; díriú ar chumarsáid.	Teoiricí soch-thógálacha, soch-chultúrtha, éiceolaíochta agus castachta; ar ghníomhaíocht ghníomhaireachta agus shóisialta.
---------------------------	--	---

Aguisín C

Príomhdheiseanna agus a n-impleachtaí don oideachas i gcomhthéacs na hÉireann agus príomhdhúshláin thar iliomad gnéithe

Deis	Achoimre	Dúshlán	Achoimre
Trédhearcacht, Solúbthacht agus Leanúnachas a Chur Chun Cinn ar fud an Chórais Oideachais	-Is féidir le hailíniú le CEFR soiléireacht a sholáthar i gcuspóirí foghlama ar fud gach leibhéal oideachais, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht do mhic léinn, do mhúinteoirí agus do lucht déanta beartas. -Is féidir le tuairisceoirí CEFR aghaidh a thabhairt ar cháineadh ar chuspóirí doiléire do Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí agus solúbthacht a chur ar fáil chun curaclaim a dhearadh a fhreastalaíonn ar chumais éagsúla foghlaimeora. - Cuireann sé aitheantas idirnáisiúnta ar fáil chomh maith, rud a d'fhéadfadh cur leis an luach agus an spreagadh a bhraitear chun an Ghaeilge a fhoghlaim.	Eolas na Múinteoirí ar CEFR	- Tuiscint agus feacht theoranta ar phrionsabail CEFR i measc múinteoirí. - Easpa deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla do chur chun feidhme CEFR. - Drogall glacadh le hathrú mar gheall ar ualach oibre, easpa acmhainní, agus imní faoi chleachtais chaighdeánacha. - An gá atá le rannpháirtíocht an mhúinteora i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht chun imní a laghdú agus muinín a chothú.
Peirspictíochtaí Oideolaíocha atá ag Teach Chun Cinn	- Cuireann Cur Chuige Atá Dírithe ar Ghníomhaíocht CEFR le tascanna cumarsáideacha rangbhunaithe i leith rannpháirtíocht san fhíorshaol. - Spreagann sé foghlaimeoirí chun gníomhú mar "ghníomhairí sóisialta" seachas mar chumarsáidí amháin. - Tacaíonn Foghlaim Teanga Feabhsaithe Teicneolaíochta (TELL) le comhoibriú digiteach trí bhlaganna, vicithe agus cruthú na meán. - Tá an ghramadach fheidhmiúil neadaithe i dtascanna seachas a bheith mar phríomhfhócas na gceachtanna.	Modhanna agus cuir chuige teagaisc atá ag athrú	- Dúshlán maidir le haistriú chuig cur chuige cefr atá dírithe ar ghníomhaíocht ó mhodheolaíochtaí traidisiúnta. - Deacracht maidir le hacmhainní a bhaineann go sonrach leis an nGaeilge a fhorbairt ailínithe le tuairisceoirí CEFR. - Gá le saineolas agus deiseanna foghlama gairmiúla in CEFR agus i bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL). - Oiriúnú a theastaíonn chun dul i ngleic leis an litríocht agus le gnéithe atá dírithe ar ábhar de shiollabas na hArdteiste.

	- Ailíníonn sé le hathchóiriú na Sraithe Sinsearaí trí eispéiris foghlama tharraingteacha, phraiticiúla agus bhríocha a chur chun cinn. - Tacú le modhanna measúnaithe nuálacha, amhail measúnuithe ilmhódacha agus cuir chuige maidir le dearadh uilíoch.		
Ilteangachas agus CEFR	- Leagann CEFR béim ar Inniúlacht Ilteangach agus ilcultúrtha, ag aithint foghlaim teanga idirnasctha. - Tá an Ghaeilge ann i dtimpeallacht ilteangach taobh le teangacha domhanda agus teangacha iasachta. - Aithníonn athchóiriú na Sraithe Sinsearaí an difreáil idir sonraíochtaí T1 agus T2 ach tá cáineadh le déanamh air mar gheall ar easpa soiléireachta agus acmhainní. - Éilíonn sé go ndéanfaí difreáil níos nua-aimseartha i siollabais na Gaeilge chun freastal ar riachtanais éagsúla na bhfoghlaimoirí. - Ailíniú le beartais teanga Eorpacha a chuireann foghlaim teanga bhríoch agus chomhtháite chun cinn.	An tilteangachas a chur chun cinn i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta	- Mithuiscintí faoin iolrateangachas agus a dhifreáil ón ilteangachas. - Easpa téarmaíochta agus tuisceana saincheaptha ar chur chuige ilteangach. - An gá an CEFR a chur in oiriúint do chomhthéacs uathúil sochtheangeolaíochta agus mionteanga na Gaeilge. - D'fhéadfadh ceachtanna ó oiriúnuithe domhanda CEFR a chur i bhfeidhm in Éirinn a threorú.
Éagsúlacht Foghlaimoira a Aithint agus a Luacháil	- Cuireann CEFR (CV) cuimsiú, daonlathas agus cosaint teangacha náisiúnta ar nós na Gaeilge chun cinn. - Ba chóir go mbeadh oideachas teanga cuimsitheach, ilteangach agus idirchultúrtha, ag luacháil féiniúlachtaí teanga agus cultúrtha na bhfoghlaimoirí. - Ceadáíonn an CEFR próifílí inniúlachta saincheaptha do chainteoirí T1 (dúchais), T2 (an dara teanga), agus LX (foghlaimoirí nach í an Ghaeilge ná an Béarla a gcéad teanga). - Cinntíonn an inoiriúnaitheacht seo go bhfuil cleachtais churaclaim agus mheasúnaithe cuimsitheach agus freagrúil do chúlaí éagsúla teanga. - Is príomh-thuarthóir ratha i bhfoghlaim teanga é an spreagadh, le bealaí foghlama soiléire ag feabhsú rannpháirtíochta. - Cuireann Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) córas struchtúrtha ar fáil do mheasúnú inniúlachta		

	Gaeilge. - Leanann an díospóireacht ar aghaidh maidir le hoiriúnacht oideachas na dteangacha dúchais a ailíniú le CEFR, a dearadh ar dtús do theangacha iasachta. - Léiríonn oiriúnuithe rathúla CEFR i gcomhthéacsanna mionteanga (Freaslainnis, Freaslainnis, Bascais) a solúbthacht. - Tá an CEFR curtha in oiriúint cheana féin do pholasaithe Oideachais Gaeltachta in Éirinn, agus úsáidtear TEG go forleathan chun cainteoirí T1 agus T2 araon a mheas.	
Na 4 Mhodh Cumarsáide a Fhorbairt	- Trí aistriú ó shamhlacha traidisiúnta teanga ceithre scil go ceithre mhodh cumarsáide CEFR (fáiltiú, táirgeadh, idirghníomhaíocht agus idirghabháil), cumasaítear eispéiris foghlama iomlánaíocha agus chomhtháite. Tugann an cur chuige seo aghaidh ar dhúshlám a bhaineann le hinniúlacht sa Ghaeilge agus tacaíonn sé le scileanna cumarsáide fíorshaoil, ag cothú timpeallachtaí foghlama sóisialta agus idirghníomhacha a thagann níos fearr le riachtanais na ndaltaí agus le creat CEFR.	Idirghabháil agus trasteangaíocht - Seasamh in aghaidh coincheapa nua a ghlacadh amhail idirghabháil in CEFR. - Éagsúlacht idir cleachtais idéalaithe tumoideachais agus réaltachtaí na suíomhanna ranga. - Díospóireacht faoi úsáid an trasteangaíocht agus an Bhéarla san oideachas Gaeilge. - An gá atá le foghlaim ghairmiúil atá bunaithe ar thaighde chun aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht agus ailíniú le hathchóirithe oideachais.
Comhtháthú le Foghlaim Beartais agus Ábhair	- Tacaíonn páirtithe leasmhara le polasaí cuimsitheach Gaeilge a chuimsíonn na luathbhlianta go dtí an t-oideachas treasach. - D'fhéadfadh ailíniú CEFR ar fud an chontanaim oideachais comhleanúnachas a sholáthar sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. - Tá Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ailínithe den chuid is mó le CEFR, ach níl aon mheasúnú déanta ar a tionchar ná ar a héifeachtacht. - Tugann taighde ar an tumoideachas múinteoirí le fios go bhfuil buntáistí ag baint le hailíniú CEFR i dteagasc na Gaeilge.	- Teastaíonn altú soiléir agus trédhearcacht chun comhtháthú éifeachtach a chinntiú chun ailíniú le beartas an stáit.

Comhtháthú le Foghlaim Beartais agus Ábhair	- Ní hamháin go mbaineann CEFR le cumas teanga ach le heolas níos leithne agus feasacht chultúrtha freisin. - D'fhéadfadh Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) le creat 4C (Ábhar, Cumarsáid, Cognaíocht, Cultúr) foghlaim ábhair agus teanga araon a neartú.	- Dúshláin maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL) a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shealbhú teanga agus ábhair araon. - Ardéileamh ar ullmhú múinteoirí agus ar fhorbairt ghairmiúil chun tacú le cleachtais CLIL.
Inniúlacht agus Measúnú Teanga	- Léiríonn tuairiscí dúshláin shuntasacha le hinniúlacht teanga i scoileanna na hÉireann, agus tá sealbhú rathúil teanga teoranta fós. - Leagann páirtithe leasmhara béim ar an ngá atá le planáil straitéiseach teanga chun cumas teanga a neartú. - D'fhéadfadh ailíniú CEFR spriocanna foghlama soiléire agus cur chuige gníomhach a sholáthar chun muinín agus spreagadh a spreagadh. - Tacaíonn rianú trédhearcach ar dhul chun cinn trí rúibricí atá bunaithe ar CEFR, aiseolas ceartaitheach, agus comhairliúchán le forbairt foghlaimeoirí. - Teastaíonn cur chuige córasach, idirghníomhach agus foghlaimeoirilárnach chun mionteanga a shealbhú, i gcomhréir le prionsabail CEFR.	Béim ar Mheasúnú - An baol go ndéanfar rómheasúnú, go háirithe i gcórais atá faoi thionchar scrúduithe. - An gá atá le planáil straitéiseach agus cleachtais mheasúnaithe nuálacha atá ailínithe le tuairisceoirí CEFR. - Eiseamláirí measúnaithe a fhorbairt chun modhanna éagsúla a léiriú chun inniúlacht a mheas.
Forbairt Punainne agus Inniúlacht Teanga	- Aiseolas measctha ar úsáid punainne teanga mar gheall ar threoirilínte doiléire agus inní faoi chur i bhfeidhm. - Punann a fheictear mar uirlis d'fhoghlaím fhéinstiúrtha, d'fheasacht teanga, agus d'fhorbairt teanga a rianú. - Cuireann an Phunann Eorpach Teanga (ELP) samhail fhianaisebhunaithe ar fáil atá inoiriúnaithe d'fhoghlaím na Gaeilge. - Tacaíonn taighde le punanna mar uirlisí éifeachtacha chun dul chun cinn a thomhas agus meiteaeolaíocht a chothú. - D'fhéadfadh uirlisí digiteacha úsáid punainne a fheabhsú, rud a d'fhágfadh gur uirlis níos dinimiciúla é don fhoghlaím agus don mheasúnú.	- I measc na ndúshlán a aithníodh tá srianta ama, ualach oibre, agus an ceangal atá aige le scrúduithe cainte Gaeilge agus foghlaim de ghlan mheabhair. - An tábhacht a bhaineann le dearadh punainne struchtúrtha atá ailínithe le CEFR agus leis an bhfoghlaím dhigiteach. - An baol go mbeifear ag brath rómhór ar ghnéithe scríofa agus faillí a dhéanamh i scileanna teanga labhartha. - Teastaíonn tacaíocht agus treoir ó mhúinteoirí chun punanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus chun dearchtaí gur uirlis mheasúnaithe "bhog" é a sheachaint.

